12 Agus a nuáir do bhí an ghrian ag dul faoi, do thuit codladh trom ar Abram, agus, féuch, do thuit úathbhás dorchaduis mhóir air.

13 Agus a dubhaint ré Abram, Bíodh a fhios agad go dearbhtha go mbiáidh do shiol na coimhigtheacha a ndúthraigh *nach* léo féin, agus do dhéanuid seirbhís dóibh; agus go mbéid a ndáoirse aca ceithre chead bliaghan;

14 Agus mar an gceadna an cineadhsin, dá ndéanuid serbhís, béuradsa breath orra: agus na dhiáigh sin tiocfaid amach maille re máoin mhóir.

15 Agus rachuidh tusa chum haithreach a síothchain; agus adhlochтар thú a naóis fhoirfe mhaith.

16 Ach san cheathramhadh geinealach tiocfaid siad annso a rís; óir ní *bhfuil* éigceart na Namoriteach iomlán fós.

17 Agus tárla, a nuáir do chuáidh an ghrían fáoi, agus go raibh dorcha, féuch fuirnis dheatcha, agus tóirsile theinidh, noch do imthigh thríd na codchuibh sin.

18 Annsa ló cheudna sin do rinne an TIGHEARNA cuimradh ré Abram, dhá rádh; Dot shíolsa thug mé an tírsi, ó abhuinn na Héigipse go nuige an sruth móir, sruth Euphrátes:

19 Na Cinetigh, agus na Cineisitigh, agus na Cadmonitígh.

20 Agus na Hititigh, agus na Perisitigh, agus na Rephamitigh.

21 Agus na Hamoritigh, agus na Canaanitigh, agus na Girgasitigh, agus na Iebusitigh.

of three years old, and a ram of three years old, and a turtledove, and a young pigeon.

10 And he took unto him all these, and divided them in the midst, and laid each piece one against another: but the birds divided he not.

11 And when the fowls came down upon the carcases, Abram drove them away.

12 And when the sun was going down, a deep sleep fell upon Abram; and, lo, an horror of great darkness fell upon him.

13 And he said unto Abram, Know of a surety that thy seed shall be a stranger in a land *that is* not theirs, and shall serve them; and they shall afflict them four hundred years;

14 And also that nation, whom they shall serve, will I judge: and afterward shall they come out with great substance.

15 And thou shalt go to thy fathers in peace; thou shalt be buried in a good old age.

16 But in the fourth generation they shall come hither again: for the iniquity of the Amorites *is* not yet full.

17 And it came to pass, that, when the sun went down, and it was dark, behold a smoking furnace, and a burning lamp that passed between those pieces.

18 In the same day the LORD made a covenant with Abram, saying, Unto thy seed have I given this land, from the river of Egypt unto the great river, the river Euphrates:

19 The Kenites, and the Kenizzites, and the Kadmonites,

20 And the Hittites, and the Perizzites, and the Rephaims,

21 And the Amorites, and the Canaanites, and the Girgashites, and the Jebusites.

Caibidil 16

*An tan thoircheadh Hágár méaduighe
a hardan; 6 cuirfear amach í. 19 Do
Ghéill sí, 15 Agus rug Ismael.*

1 Anois, ní rug Sáraí bean Abram clann ar bith dhó: agus do bhí innilt Egipteach aice, dar bainm Hágár.

2 Agus a dubhaint Sárai ré Abram, Féuch a nois, do thoirmisg an TIGHEARNA misi ó bhrefi: iarruum ort, teigh a steach chum minnilte; dob éidir go bhfuighinn clann da táoibh. Agus tug Abram aire do ghlór Shárai.

3 Agus do ghlac Sáraí bean Abram Hágár a hinnilt an Tégipteach, a ndiáigh Abram daitreabh deich mbliadhna a ttír Chanáain, agus tug sí dá fear Abram í do bheith na mnáoi aige.

4 Agus do bhí sé ag Hágár, agus do thorcheadh í, agus a nuair do chonnaire sí go raibh sí torrach, do bhí a mhaighistreás tarcuisneach na radharc.

5 Agus a dubhaint Sárai ré Abram, Bíodh méugcóir ortsá: tug mé mo chailín ad uchd; agus a nuáir do chonnairc sí go raibh torrach, do bhí mísi tarcuisneach na radharc: go ndéuna Día breitheamhnus eadrumsa agus tusa.

6 Achd a dubhaint Abram ré Sárai, Féuch, *ata* do chailín ad láimh féin; déuna ría mar do chithear dhuit: agus a nuáir do mhasluigh Sárai í, do theith sí as a fiaghnuisi.

7 Agus fuáir aingeal an TIGHEARNA í láimh ré tobar uisce, san bhfásach, laimh ris an ttobar ar an tslighe go Súr.

8 Agus a dubhaint sé, A Hágár, a chailín Shárai, cia as a ttainig tú? agus cáit a ttéid tú? Agus a dubhaint sí, Atáim ag leitheamh ó radhare mo mhaighistreás Sárai.

9 Agus do ráidh aingeal an TIGHEARNA ría, Fill ar do mhaighistreás, agus umhluigh thú féin fa na lámhuibh.

10 Agus a dubhaint aingeal an TIGHEARNA ría, Méidiochuidh mé do shíol, go hiomarcach, nach budh féidir a aireamh ar iomadamhlachd.

11 Agus a dubhaint aingeal an TIGHEARNA ría, Féuch, *atá* tú torrach,

Chapter 16

1 Now Sarai Abram's wife bare him no children: and she had an handmaid, an Egyptian, whose name was Hagar.

2 And Sarai said unto Abram, Behold now, the LORD hath restrained me from bearing: I pray thee, go in unto my maid; it may be that I may obtain children by her. And Abram hearkened to the voice of Sarai.

3 And Sarai Abram's wife took Hagar her maid the Egyptian, after Abram had dwelt ten years in the land of Canaan, and gave her to her husband Abram to be his wife.

4 And he went in unto Hagar, and she conceived: and when she saw that she had conceived, her mistress was despised in her eyes.

5 And Sarai said unto Abram, My wrong be upon thee: I have given my maid into thy bosom; and when she saw that she had conceived, I was despised in her eyes: the LORD judge between me and thee.

6 But Abram said unto Sarai, Behold, thy maid is in thy hand; do to her as it pleaseth thee. And when Sarai dealt hardly with her, she fled from her face.

7 And the angel of the LORD found her by a fountain of water in the wilderness, by the fountain in the way to Shur.

8 And he said, Hagar, Sarai's maid, whence camest thou? and whither wilt thou go? And she said, I flee from the face of my mistress Sarai.

9 And the angel of the LORD said unto her, Return to thy mistress, and submit thyself under her hands.

10 And the angel of the LORD said unto her, I will multiply thy seed exceedingly, that it shall not be numbered for multitude.

11 And the angel of the LORD said unto her, Behold, thou art with child, and

Genesis - Genesis

agus béura tú mac, agus do bhéura tú Ismael dainm air: do chionn go ccúala an TIGHEARNA do bhuaidhreadh.

12 Agus biadh sé na dhuine fhiadhta; *biáidh* a lámh a naghuidh gach áonduine, agus lámh gach áonduine na aghuidh: agus coimhneochuidh sé a lathair a dhearbharrathar uile.

13 Agus do ghoir síainm an TIGHEARNA do labhair ría, Thusa a Dhé do chí mé: óir a dubhaint sí, Nar fhéuch misi mar an ccéudna annso a ndiáigh an té do chí mé?

14 Uimé sin do goireadh don tobar Beerlahai-roi; féuch, *atá* sé idir Chades agus Béred.

15 Agus rug Hágár mac do Abram: agus do ghoir Abram Ismael mar ainm dá mhac rug Hágár.

16 Agus do bhí Abram ceithre fichid agus sé bliadhna dáois, a nuáir rug Hágár Ismael dó Abram.

shalt bear a son, and shalt call his name Ishmael; because the LORD hath heard thy affliction.

12 And he will be a wild man; his hand *will be* against every man, and every man's hand against him; and he shall dwell in the presence of all his brethren.

13 And she called the name of the LORD that spake unto her, Thou God seest me: for she said, Have I also here looked after him that seeth me?

14 Wherefore the well was called Beerlahairoi; behold, *it is* between Kadesh and Bered.

15 And Hagar bare Abram a son: and Abram called his son's name, which Hagar bare, Ishmael.

16 And Abram *was* fourscore and six years old, when Hagar bare Ishmael to Abram.

Caibidil 17

Ar claochlodh ainme Abram agus Sharai. 9 Orduightear an Tímchillghearradh, agus 16 geallfar mac d'Abraham tríd Sharah.

1 Agus a nuáir do bhí Abram nóchad agus náoi mbliadhna dáois, do thaisbéin an TIGHEARNA é féin do Abram, agus a dubhaint ris, *Is misi an Día uile chumhachdach; siubhail am fhiadnuise agus bí diongmhalta.*

2 Agus do dhéuna mé mo chunnradh eadrum agus tú, agus méideochuidh mé thú go hanmhór.

3 Agus do thuit Abram ar aghuídh: agus do chomhráidh Día ris, dá rádh,

4 Ar mo shonsa, féuch, *atá* mo chunnradh riot, agus biáidh tú a tathair mhóráin cinidheach.

5 Agus ní Hábram bhus ainm ort ó so amach, ach budh é hainm Abraham; óir ad tathair mhoráin do chinidheachuibh do rinne mé thú.

6 Agus do dhéuna mé ro thórthach thú, agus do dhéuna mé cinidheacha dhíot, agus tiocfaid ríghthe asad amach.

7 Agus daingneochuidh mé mo chunnradh eadrum fein agus tú agus

1 And when Abram was ninety years old and nine, the LORD appeared to Abram, and said unto him, *I am the Almighty God; walk before me, and be thou perfect.*

2 And I will make my covenant between me and thee, and will multiply thee exceedingly.

3 And Abram fell on his face: and God talked with him, saying,

4 As for me, behold, my covenant *is* with thee, and thou shalt be a father of many nations.

5 Neither shall thy name any more be called Abram, but thy name shall be Abraham; for a father of many nations have I made thee.

6 And I will make thee exceeding fruitful, and I will make nations of thee, and kings shall come out of thee.

7 And I will establish my covenant between me and thee and thy seed after

Chapter 17

Genesis - Genesis

eadrum féin agus do shíol ad dhiaigh ann a ngeinealachuibhsin mar chunnrad siorruidhe, do bheith am Dhía dhuitse, agus dot shíol ad dhiáigh.

8 Agus do bhéura mé dhuitsi, agus dot shíol ad dhiáigh an fearann ann a bhfuil tu ar cuairt, tir Chanaáin, uile, mar sheilbh shíorruidhe; agus biaidh mé mar Dhía aca.

9 A dubhaint Día ré Hábraham, Coimhéudfuidh tú mo chunnradh ar a nadhbharsin, thú féin, agus do shíol ad dhiáigh ann a ngeinealachuibh.

10 A sé so mo chunnradh, noch chomhallfuidhigh eadrumsa agus sibhse, agus do shíol ad dhiaigh; Gach uile ghein mhic bhur measg biaidh sé timchillghéarrtha.

11 Agus timchillgearraíd feóil bhur réumhchroicinn; agus biaidh sin mar chomhartha an chunnartha eadrumsa agus sibhse.

12 Agus an mac bhías ochd la dáois eadruibh timchiollghearrfar é, gach uile ghein mhic ann bhur ngeinealachuibh, an té bhéarthal annsa tigh, no cheannochar ar airgead ó choimhithigheach ar bith, nach *bfaul* dot shíolsa.

13 An té rugadh ann do thigh, agus an té ceannchadh ar hairgead, is éigin a mbeith timchillghearrtha: agus biáidh mo chunnradh ann bhur bhfeóil mar chunradh síorruidhe.

14 Agus an lenamh mic gan timchillghearradh gá mbía feóil a réumhchroicinn gan timchillghearradh, gearruidhear an tanam sin amach ón a phobal: do bhris sé mo chunnradh.

15 Agus a dubhaint Día ré Hábraham, Ar son Shárai do mhná ní ghoirfe tú Sárai dhí, ach Sárah *bhías* dainm uirre.

16 Agus beanneochuidh misi í, agus do bhéura mé mac dhuitsi uaithe: fós beanneochuidh mé í, agus biáidh sí *na mathair* chineadhach; tiucfuidh righthe cineadhach uaithe.

17 An sin do thuit Abraham ar aghuidh; agus do rinne gáire, agus a dubhaint ann a chroidhe, An mbéurthar *mac* don ti atá a ccionn a chéud bliadhan dáois agus

thee in their generations for an everlasting covenant, to be a God unto thee, and to thy seed after thee.

8 And I will give unto thee, and to thy seed after thee, the land wherein thou art a stranger, all the land of Canaan, for an everlasting possession; and I will be their God.

9 And God said unto Abraham, Thou shalt keep my covenant therefore, thou, and thy seed after thee in their generations.

10 This is my covenant, which ye shall keep, between me and you and thy seed after thee; Every man child among you shall be circumcised.

11 And ye shall circumcise the flesh of your foreskin; and it shall be a token of the covenant betwixt me and you.

12 And he that is eight days old shall be circumcised among you, every man child in your generations, he that is born in the house, or bought with money of any stranger, which is not of thy seed.

13 He that is born in thy house, and he that is bought with thy money, must needs be circumcised: and my covenant shall be in your flesh for an everlasting covenant.

14 And the uncircumcised man child whose flesh of his foreskin is not circumcised, that soul shall be cut off from his people; he hath broken my covenant.

15 And God said unto Abraham, As for Sarai thy wife, thou shalt not call her name Sarai, but Sarah *shall* her name be.

16 And I will bless her, and give thee a son also of her: yea, I will bless her, and she shall be a *mother* of nations; kings of people shall be of her.

17 Then Abraham fell upon his face, and laughed, and said in his heart, Shall a *child* be born unto him that is an

Genesis - Genesis

Sárah atá nóchad blíaghan dáois, an mbhéura sí?

18 Agus a dubhaint Abraham ré Día, Do bfearr líom go maireadh Ismael ad fhiadhnuisi!

19 Agus a dubhaint Dia, Béuruidh do bhean Sárah mac dá ríribh dhuit; agus ghoirfe tú Isaac dainm dhe, agus daingneochaidh misi mo chunnradh ris na chunnradh shíorruidhe, *agus* ré na shíol na dhiáigh.

20 Agus ar son Ismael, do chúala mé thú: Féuch, do bheannuigh mé é, agus do dhéuna mé síolmhar é, agus oirlónfad go hiomarcach é; dhá phrionnsa dhéug gheinfeas sé, agus do dhéuna mé cineadh móir dhe.

21 Ach mo chunnradh daingneochuidh mé ré Hísaac noch bhéuras Sárah dhuitsi annsa nuáir chinntesi, annsa bhliadhuisi chuguinn.

22 Agus do scuir do bheith ag caint ris, agus do chuáidh Día súas ó Abraham.

23 Agus do ghlac Abraham a mhac Ismael, agus gach a rugadh ann a thigh, agus gach ar ceannchadh ar a chuid airgid, gach uile firionnach a measg dháoine thighe Abraham; agus do thimchillghearr feól a réumhchroicinn annsa ló sin féin, mar a dubhaint Día ris.

24 Agus do *bhí* Abraham nóchad agus náoi m bliadhna dáois a nuáir do timchillghearradh é a bhfeól a réumhchroicinn.

25 Agus do *bhí* Ismael a mhac tri bliadhna déug dáois, a nuair do timchillghearradh é a bhfeól a réumhchroicinn.

26 Ann sa ló chéudna do timchillghearradh Abraham agus a mhac Ismael.

27 Agus a nuile fhear ann a thigh, rugadh sa tigh, agus do cheannchadh ar airgead ón choimhíghtheach, do timchillghearradh iad maille ris.

hundred years old? and shall Sarah, that is ninety years old, bear?

18 And Abraham said unto God, O that Ishmael might live before thee!

19 And God said, Sarah thy wife shall bear thee a son indeed; and thou shalt call his name Isaac: and I will establish my covenant with him for an everlasting covenant, *and* with his seed after him.

20 And as for Ishmael, I have heard thee: Behold, I have blessed him, and will make him fruitful, and will multiply him exceedingly; twelve princes shall he beget, and I will make him a great nation.

21 But my covenant will I establish with Isaac, which Sarah shall bear unto thee at this set time in the next year.

22 And he left off talking with him, and God went up from Abraham.

23 And Abraham took Ishmael his son, and all that were born in his house, and all that were bought with his money, every male among the men of Abraham's house; and circumcised the flesh of their foreskin in the selfsame day, as God had said unto him.

24 And Abraham was ninety years old and nine, when he was circumcised in the flesh of his foreskin.

25 And Ishmael his son was thirteen years old, when he was circumcised in the flesh of his foreskin.

26 In the selfsame day was Abraham circumcised, and Ishmael his son.

27 And all the men of his house, born in the house, and bought with money of the stranger, were circumcised with him.

Caibidil 18

*Abraham ag faghail rabhadh ar sgrios
Shodom. 33 Rinn eidiirghuidhe arson
na naitreabhthach.*

1 Agus do fhoilísigh an TIGHEARNA e féin dó a réiteach Mhamre: agus do shuigh sé a ndorus na puible a tteas an láoi.

2 Agus do thóg a shúile suas, agus damharc sé, agus féuch, tríurfear na seasamh laimh ris, agus a nuáir do chonnairc sé *iad* do rith na gcoinne ó dhorus na puible, agus do chláon é féin go talamh.

3 Agus a dubhaint, A tighearna, má fuáir mé a nois fabhar an do radharc, guidhim thú ná himthigh ód sheirbhíseach:

4 Guidhim sibh, tugthar beagán uisce, agus ionnluigh bhur ccossa, agus déunuidh comhnuidh fáoi an chránn:

5 Agus do bhéura misi greim aráin, agus solásuighidh bhur ccroidhthe; tar éis sin imtheachuigh sibh romhuimh: óir is uime sin tangabhair chum bhur searbfhoghantuigh; agus a dubhradarsan, Déuna mar a dubhaint tú.

6 Agus do dheifrigh Abraham don phubuil mar a raibh Sárah, agus a dubhaint, Deifrigh tráth téir meadha do mhin phlúir, súaith é, agus déuna bairgheana ar an tteallach dhe.

7 Agus do rith Abraham gus a nairighe, agus tug leis láogh brisc maith, agus tug dóganach é; agus do dheifrigh sé dá dheasughadh.

8 Agus do ghlac sé im, agus bainne, agus an láogh, noch do dheasugh sé, agus do chuir na bhfiadhnuisi é; agus do sheasuidh láimh ríu fáoi an chrann, agus a dúadarsan.

9 Agus a dubhradar ris, Cáit a *bful* Sárah do bhean? agus do ráidh seision: féuch, san phubuil.

10 Agus do ráidh seision, Go deimhin fillfidh mé chugad do réir aimsire na beatha; agus, féuch, Sárah do bhean biáidh mac aice. Agus do chúaluidh Sárah sin a ndorus an phubail, do *bhí* air a chul.

Chapter 18

1 And the LORD appeared unto him in the plains of Mamre: and he sat in the tent door in the heat of the day;

2 And he lift up his eyes and looked, and, lo, three men stood by him: and when he saw *them*, he ran to meet them from the tent door, and bowed himself toward the ground,

3 And said, My Lord, if now I have found favour in thy sight, pass not away, I pray thee, from thy servant:

4 Let a little water, I pray you, be fetched, and wash your feet, and rest yourselves under the tree:

5 And I will fetch a morsel of bread, and comfort ye your hearts; after that ye shall pass on: for therefore are ye come to your servant. And they said, So do, as thou hast said.

6 And Abraham hastened into the tent unto Sarah, and said, Make ready quickly three measures of fine meal, knead *it*, and make cakes upon the hearth.

7 And Abraham ran unto the herd, and fetcht a calf tender and good, and gave *it* unto a young man; and he hasted to dress it.

8 And he took butter, and milk, and the calf which he had dressed, and set *it* before them; and he stood by them under the tree, and they did eat.

9 And they said unto him, Where is Sarah thy wife? And he said, Behold, in the tent.

10 And he said, I will certainly return unto thee according to the time of life; and, lo, Sarah thy wife shall have a son. And Sarah heard *it* in the tent door, which *was* behind him.

Genesis - Genesis

11 A nois do *bhí* Abraham agus Sárah áosta, *agus* do chuireadar morán dá naimsir thárrsa; *agus* do scuir do bheith ag Sarah do réir chúrsa na mban.

12 Uime sin do rinne Sárah gáire innte féin, dá rádh, Tar éis mo bheith aosda foirfe, an bhfuighe mé solás, ar mbeith foirfe do mo tighearna mar an gcéudna?

13 Agus a dubhaint an TIGHEARNA ré Habraham, Créud fa ndeárna Sárah gáire, ag rádh; an dearbhtha go mbéura misi leanamh, noch atáim foirfe?

14 An bhfuil éinní rochruáidh ag an TTIGHEARNA? Ann sanuáir chinnte fillfidh mé chugad do réir aimsire na beatha, agus biáidh mac ag Sarah.

15 Ann sin do shéun Sárah, dhá rádh, Ní dhearna misi gáire; óir do bhí eagla úirre. Agus a dubhaint seision, Ní headh; ach do rinne tú gáire.

16 Agus dhéirgheadar na fir súas as sin, agus dféuchadar leath ré Sodom: agus do chuáidh Abraham leó dá mbreith ar a tslighe.

17 Agus do ráidh an TIGHEARNA, An gceilfidh mé ar Abraham an ni si atáim do dhéunamh;

18 O chítéar go ttiucfa Abraham go dearbhtha chum bheith na chineadh mhór cumhachdach, agus go mbéid cinidheacha an domhui n uile beannuighe ann san?

19 Óir is aithnidh dhamhsa é, go ttiubhra aithne dhá chloinn, agus dá theaghlaigh na dhiaigh, agus coimhédfuid slighe an TIGHEARNA do dhéunamh ceirt agus breitheamhnuis; ionnus go ttiubhra an TIGHEARNA air Abraham an ní sin do labhair dá thaobh.

20 Agus a dubhaint an TIGHEARNA, Do chionn gur mór comhaire Shodom agus Ghomorrah, agus do chionn go bfuilid a bpeacuidh ro throm;

21 Rachuidh mé sios a nois, agus féuch fa mé a ndearnadur thríd amach do réir a gcomarc tháinic go nuige mé, agus mun a ndearn biáidh a fios agum.

22 Agus do filleadur na dáoine a naighthe as sin, agus do chúadar leath re Sodom: ach do sheas Abraham go fóill a lathair an TIGHEARNA.

11 Now Abraham and Sarah *were old and well stricken in age; and it ceased to be with Sarah after the manner of women.*

12 Therefore Sarah laughed within herself, saying, After I am waxed old shall I have pleasure, my lord being old also?

13 And the LORD said unto Abraham, Wherefore did Sarah laugh, saying, Shall I of a surety bear a child, which am old?

14 Is any thing too hard for the LORD? At the time appointed I will return unto thee, according to the time of life, and Sarah shall have a son.

15 Then Sarah denied, saying, I laughed not; for she was afraid. And he said, Nay; but thou didst laugh.

16 And the men rose up from thence, and looked toward Sodom: and Abraham went with them to bring them on the way.

17 And the LORD said, Shall I hide from Abraham that thing which I do;

18 Seeing that Abraham shall surely become a great and mighty nation, and all the nations of the earth shall be blessed in him?

19 For I know him, that he will command his children and his household after him, and they shall keep the way of the LORD, to do justice and judgment; that the LORD may bring upon Abraham that which he hath spoken of him.

20 And the LORD said, Because the cry of Sodom and Gomorrah is great, and because their sin is very grievous;

21 I will go down now, and see whether they have done altogether according to the cry of it, which is come unto me; and if not, I will know.

22 And the men turned their faces from thence, and went toward Sodom: but Abraham stood yet before the LORD.

Genesis - Genesis

23 Agus do thriall Abraham a bhfogus, agus a dubhaint, An sgriosfuidh tú fós an firéun maráon ris an ciontach?

24 Do bféidir go bhfuil cáogad firéun a stigh ann sa chathruigh: an scriosfa tú mar sin, agus nach coigeola tú a náit arson an cháogaid firéun *atá* innté?

25 Go madh fada sin uaitsi a dhéunamh marso, an firéun do mharbhadh maille ris an ciontach: agus go mbiaidh an firéun mar an ciontach, go madh fada sin uaitsi: nach déuna Breitheamh na talmhan uile ceart?

26 Agus a dubhaint an TIGHEARNA, Ma gheibhim a Sodom caogad firéun a stigh san chathruigh, ann sin coigeoluidh mé a náit uile ar a son.

27 Agus a dubhaint Abraham ar bhfreagra dhó, Féuchanois, do ghabh misi orm labhairt ris an TIGHEARNA nach *bhfuil ionnam* ach cré agus luáithreadh.

28 Do bféider go tteisteabhuidh cúigear don cháogad firéun: an scriosfa tú an chathair uile ar son *easbhuidh* cúigir? Agus a dubhaint sesion, Má gheibhim cúigear agus dá fhichid ann, ní scriosfa mé i.

29 Agus do labhair sé ris fós arís, agus a dubhaint, Do bféidir go bhfuighthigh dhá fhichid ann. Agus a dubhaint sesion, Ní dhéuna mé é ar son dá fhichthiod.

30 Agus a dubhaint sé *ris*, Oh ná biodh an TIGHEARNA feargach, agus laibhéora misi: Do bféidir go bhfuighthí triochad ann. Agus a dubhaint sesion, Ní dhéana mé é má gheibhim triochad ann.

31 Agus a dubhaint sesion, Feuchanois, do ghabh me orm labhairt ris an TIGHEARNA: Do bfeidir go bhfuighthí fithche ann. Agus a dubhaint sesion, Ní scriosfa me i air son fhithchid.

32 Agus a dubhaint sesion, Oh ná biodh fearg ar an TTIGHEARNA agus ní laibhéora mé ach so amháin: Do bféidir go bfhuighthí deithneamhar ann. Agus a dubhaint sesion, Ní scriosfa me í ar son an deichneamhair.

33 Agus do imthigh an TIGHEARNA roimhe mar do scuir sé dha chomhrádh

23 And Abraham drew near, and said, Wilt thou also destroy the righteous with the wicked?

24 Peradventure there be fifty righteous within the city: wilt thou also destroy and not spare the place for the fifty righteous that *are* therein?

25 That be far from thee to do after this manner, to slay the righteous with the wicked: and that the righteous should be as the wicked, that be far from thee: Shall not the Judge of all the earth do right?

26 And the LORD said, If I find in Sodom fifty righteous within the city, then I will spare all the place for their sakes.

27 And Abraham answered and said, Behold now, I have taken upon me to speak unto the Lord, which *am but* dust and ashes:

28 Peradventure there shall lack five of the fifty righteous: wilt thou destroy all the city for *lack of* five? And he said, If I find there forty and five, I will not destroy it.

29 And he spake unto him yet again, and said, Peradventure there shall be forty found there. And he said, I will not do *it* for forty's sake.

30 And he said *unto him*, Oh let not the Lord be angry, and I will speak: Peradventure there shall thirty be found there. And he said, I will not do *it*, if I find thirty there.

31 And he said, Behold now, I have taken upon me to speak unto the Lord: Peradventure there shall be twenty found there. And he said, I will not destroy *it* for twenty's sake.

32 And he said, Oh let not the Lord be angry, and I will speak yet but this once: Peradventure ten shall be found there. And he said, I will not destroy *it* for ten's sake.

33 And the LORD went his way, as soon as he had left communing with Abraham: and Abraham returned unto his place.

ré Habraham; agus do fill Abraham da áit féin.

Caibidil 19

*Sgrios na gcaithreacha neimhdhíadha.
15 Saaradh Lot. 31 Geineadh Mhoab,
agus Ammon.*

1 Agus tangadar dá aingeal go Sodom trathnóna; agus do bhí Lot na shuighe a ngeata Shodom: agus a nuair do chonnaire Lot íad, do éirigh súas do theagmhail ríu; agus do chlaon sé é féin maille ré na ghnúis sios go talamh;

2 Agus a dubhaint sé, Féuchuidhanois a thighearnadha, iarruim oruibh, fillidh asteach, go tigh bhur seirbhísigh, agus fhanuidh ar feadh na hoidhche, agus ionnluigh bhur ccosa, agus eireochuidh sibh súas go moch, agus rachaíd sibh romhuibh ann bhur tturus. Agus a dubhradar san, Ni headh; ach anfam ar a tsráid feadh na hoidhche.

3 Agus do sháruigh sé orra go mór; agus do fhlileadar a steach chuige, agus do chuadar don tigh; agus do rinne sé feusda dhóibh, agus do chruadhígh sé arán gan laibhín, agus a dúadur san.

4 Ach suil do luigheadar síos tangadur dáoine na caithreach, *edhon* dáoine Shodom, thimchiolladar an tighe, eidir shean agus og, an pobal uile as gach uile táobh:

5 Agus do ghoireadur ar Lot, agus a dubhradur ris, Cáit a *bhfuilid* na dáoine tháinig chugad a nochd? tabhair amach chuguinne iad, go mbeith a bhfios aguinn.

6 Agus do chuaidh Lot amach san dorus chuca, agus do dhrdhuid sé an dorus na dhiaigh,

7 Agus a dubhaint, guidhim sibh a dhearbráithre, ná déunaidh a chomholc sin do ghníomh.

8 Féuchuidh a nois atáid agum diáis inghean nar fhionn fear, iarruim oruibh, leigidh dhamh a ttabhairt chuguibh amach, agus déunaidh riú mar do chitear dháobh: amháin na déunuidh éinní air na fearuibhse; óir is chuige sin tangadur fá dhíon mo thighease.

Chapter 19

1 And there came two angels to Sodom at even; and Lot sat in the gate of Sodom: and Lot seeing *them* rose up to meet them; and he bowed himself with his face toward the ground;

2 And he said, Behold now, my lords, turn in, I pray you, into your servant's house, and tarry all night, and wash your feet, and ye shall rise up early, and go on your ways. And they said, Nay; but we will abide in the street all night.

3 And he pressed upon them greatly; and they turned in unto him, and entered into his house; and he made them a feast, and did bake unleavened bread, and they did eat.

4 But before they lay down, the men of the city, *even* the men of Sodom, compassed the house round, both old and young, all the people from every quarter:

5 And they called unto Lot, and said unto him, Where *are* the men which came in to thee this night? bring them out unto us, that we may know them.

6 And Lot went out at the door unto them, and shut the door after him,

7 And said, I pray you, brethren, do not so wickedly.

8 Behold now, I have two daughters which have not known man; let me, I pray you, bring them out unto you, and do ye to them as *is* good in your eyes: only unto these men do nothing; for therefore came they under the shadow of my roof.

Genesis - Genesis

9 Agus a dubhradar san, Seas síar. Agus a dubhradur *arís*, Na áonar tháinic an *fearso* ar chuáirt asteach, agus ní fuláir leis bheith na bhreitheamh: a nois do dheanam ní is measa riotsa, na ríusan. Agus do sháruigheadar go mór an toglach, *eadhon Lot*, agus tangadur a bhfogus don dorus dá bhriseadh.

10 Ach do chuireadar na dáoine a lámh amach, agus do thairrngeadar Lot chuca asteach, agus do dhruideadur andorus.

11 Agus do bhuaileadar na dáoine do *bhi* ag dorus an tighe le doille, ó bheag go mór: ionnus gur thuirsigheadar iad fén ag íarruidh an doruis.

12 Agus a dubhradur na fir ré Lot, An bfuil agad annso éinneach eile? do chlíamhuin, dó mhaca, agus hingheana, gidh bé ar bith ata agad annsa chathruigh, tabhair *iad* amach as a naitsi:

13 Oir sgriosfumne a náit se, do chionn gur fhás a néighmhe mhór a lathair an TIGHEARNA; agus do chuir an TIGHEARNA sinné dhá sgrios.

14 Agus do chuáidh Lot amach, agus do labhair ré na chleamhnuibh, noch do phós a ingheana, agus a dubhaint, Gluaisigh, fágbuidh a náitsi amach; óir sgriosfuidh an TIGHEARNA an chathair so. Ach dar lé na chleamhnuighibh bá fear moguidh é.

15 Agus a nuáir do éirigh an mhaidion, an sin do bhrosduighedar na haingil Lot, ag rádh, Eirigh, glac do bhean, agus do dhías inghean, atá ann so; deagla go ttuitfá a ccionta na caithreach.

16 Agus mar do bhí ag déunamh moille, rugadur na dáoine ar láimh air, agus ar láimh a mhná, agus air láimh a dheis inghean; ar mbeith don TIGHEARNA grásamhuiil dó: agus tugadur leó amach é, agus do shuigheadar taobh amuigh don chathruigh é.

17 Agus tárla, a nuair thugadur leo amach íad, go ndubhaint sé, Teith lé tanam; ná féuch ad dhiéigh, agus na fan annsa réiteach uile, teith fan tsliabh, deagla do aidhmhillte.

18 Agus a dubhaint Lot ríu, Oh, ní mar sin, a THIGHEARNA:

9 And they said, Stand back. And they said *again*, This one *fellow* came in to sojourn, and he will needs be a judge: now will we deal worse with thee, than with them. And they pressed sore upon the man, *even* Lot, and came near to break the door.

10 But the men put forth their hand, and pulled Lot into the house to them, and shut to the door.

11 And they smote the men that *were* at the door of the house with blindness, both small and great: so that they wearied themselves to find the door.

12 And the men said unto Lot, Hast thou here any besides? son in law, and thy sons, and thy daughters, and whatsoever thou hast in the city, bring *them* out of this place:

13 For we will destroy this place, because the cry of them is waxen great before the face of the LORD; and the LORD hath sent us to destroy it.

14 And Lot went out, and spake unto his sons in law, which married his daughters, and said, Up, get you out of this place; for the LORD will destroy this city. But he seemed as one that mocked unto his sons in law.

15 And when the morning arose, then the angels hastened Lot, saying, Arise, take thy wife, and thy two daughters, which are here; lest thou be consumed in the iniquity of the city.

16 And while he lingered, the men laid hold upon his hand, and upon the hand of his wife, and upon the hand of his two daughters; the LORD being merciful unto him: and they brought him forth, and set him without the city.

17 And it came to pass, when they had brought them forth abroad, that he said, Escape for thy life; look not behind thee, neither stay thou in all the plain; escape to the mountain, lest thou be consumed.

18 And Lot said unto them, Oh, not so, my Lord:

Genesis - Genesis

19 Féuch annois, fuair do shearbhfoghantúigh grása ad radharc, agus do méduigh tú do thrócaire noch do thaisbéin tú dhamhsa ag cumhdach mhanma: agus ní fhéuduim teitheamh fan tslíabh, deagla uilc éigin do bhuan damh, agus go bhfuighinn bás:

20 Féuch annois, is fokus an chathairsi re teitheamh chuice, agus is beag í; oh, léigthear dhamh teitheamh ann súd, *a né nach beag í?* agus mairfidh manam.

21 Agus a dubhaint sesion ris, Feuch, do ghabh me hathchuinchidh chugam attáobh an neithesi mar an cceudna, nach millfe mé an chathairse, air son ar labhair tú.

22 Deifrigh ort, teith ann súd; óir ní fleuduimsi einní do dhéunamh no go ndeachaidh tú ann súd. Uime sin do goireadh Soar dainm don chathruigh.

23 Déirigh an ghrán air an dtalamh a nuáir do chuáidh Lot a steach go Soar.

24 Ann sin do fhear an TIGHEARNA ar Shodom agus ar Ghomorrah ruibh agus teine ón TIGHEARNA amach as flaitheamhnus;

25 Agus do theilg seachad na caithreacha, sin agus an fearann uile, agus áitreabhuigh na ccaithreach uile, agus an ní do fhás ar an ttalamh.

26 Ach do fhéuch a bhean na dhiáigh táobh shiar dhe, agus do rinneadh piléir saluinn di.

27 Agus do éirigh Abraham go moch ar maidin go nuige a náit ar sheas sé as coinne an TIGHEARNA:

28 Agus do fheuch sé ar Shodom agus ar Ghomorrah, agus ar fhearrann an réitigh úile, agus do amhairc, agus, féuch, do chúaidh deatách na tíre súas amhuiil dheatuigh fhuirnise.

29 Agus tárla, a núair do sgrios Día caithreacha an réitigh, gur chuimhnigh Día air Abraham, agus gur chuir sé Lot amach as lár a náir, a núair do sgrios sé na caithreacha ann a raibh Lot na chómhnuidhe.

30 Agus do chúaidh Lot súas amach as Sóar, agus do chomhnuidhe ar a tslíabh agus a dhías inghean na fhochair óir dob eagal leis comhnuidhe do dhéunamh a

19 Behold now, thy servant hath found grace in thy sight, and thou hast magnified thy mercy, which thou hast shewed unto me in saving my life; and I cannot escape to the mountain, lest some evil take me, and I die:

20 Behold now, this city *is* near to flee unto, and it *is* a little one: Oh, let me escape thither, (*is it not a little one?*) and my soul shall live.

21 And he said unto him, See, I have accepted thee concerning this thing also, that I will not overthrow this city, for the which thou hast spoken.

22 Haste thee, escape thither; for I cannot do any thing till thou be come thither. Therefore the name of the city was called Zoar.

23 The sun was risen upon the earth when Lot entered into Zoar.

24 Then the LORD rained upon Sodom and upon Gomorrah brimstone and fire from the LORD out of heaven;

25 And he overthrew those cities, and all the plain, and all the inhabitants of the cities, and that which grew upon the ground.

26 But his wife looked back from behind him, and she became a pillar of salt.

27 And Abraham gat up early in the morning to the place where he stood before the LORD:

28 And he looked toward Sodom and Gomorrah, and toward all the land of the plain, and beheld, and, lo, the smoke of the country went up as the smoke of a furnace.

29 And it came to pass, when God destroyed the cities of the plain, that God remembered Abraham, and sent Lot out of the midst of the overthrow, when he overthrew the cities in the which Lot dwelt.

30 And Lot went up out of Zoar, and dwelt in the mountain, and his two daughters with him; for he feared to

Genesis - Genesis

Soar: agus do áitribh sé a núaimh é féin agus a dhías inghean.

31 Agus a dubháirt an ti budh sine ris an ti dob óige, *Atá ar nathair foirfe agus ní bhfuil duine ar domhan do bhiáidh aguinn do réir modha an tsháoghuil uile.*

32 Gluais, tugam air ar nathair fíon dól, agus luighfiom na fhochair go ccoimheudum síol ó ar nathair.

33 Agus tugadar ar a nathair fíon dól a noidhchesin: agus do chúaith an bhean budh sine a steach, agus do lúigh le na hathair; agus níor mhothuigh se a nuáir do luigh, nó a nuáir do éirigh sí,

34 Agus tárla ar na mhárach, go ndubháirt an inghean budh sine ris an inghein dob óige, Féuch, do luidh misi a réir leam athair: tugam air fíon dól a nochd mar an ccéudna; agus éirighsi a steach, *agus* luidh leis, go ccongmham síol ó ar nathair.

35 Agus tugadar ar a nathair fíon dól an oidhche sin mar an gcéudna, agus do éirigh an bhean dob óige, agus do luidh aige, agus níor mhothuigh seision a nuáir do luidh si síos, nó a nuáir do éirigh sí.

36 Mar so do bhádar días inghean Lot torrach agá nathair.

37 Agus rug an bhean bá sine mac, agus tug Móab dainm air: a sé an fear céudna sin *as* athair do na Moabitibh gus a niugh.

38 Agus an bhean dob óige rug si mac mar an gcéudna, agus do goir Ben-ammi dainm dhe: a sé sin *as* athair do chloinn Ammon gus a niugh.

Caibidil 20

*Sarah ar na tabhairt ó Abraham,
aisiogthar í saor. 17 Ag athchoinnidh
Abraham slanaighthear Abimelech.*

1 Agus do għluáis Abraham as sin don tir bu dheas, agus do áitreabh eidir Cades agus Súr, agus do rinne comhnuidhe ann, Gerar.

2 Agus a dubháirt Abraham a ttáobh Shárah a mhná, *A si mo dheirbhshiur í:* agus do chuir Abimelech righ Gérar fios, agus do għlak sé Sárah.

dwell in Zoar: and he dwelt in a cave, he and his two daughters.

31 And the firstborn said unto the younger, Our father is old, and *there is* not a man in the earth to come in unto us after the manner of all the earth:

32 Come, let us make our father drink wine, and we will lie with him, that we may preserve seed of our father.

33 And they made their father drink wine that night: and the firstborn went in, and lay with her father; and he perceived not when she lay down, nor when she arose.

34 And it came to pass on the morrow, that the firstborn said unto the younger, Behold, I lay yesternight with my father: let us make him drink wine this night also; and go thou in, *and* lie with him, that we may preserve seed of our father.

35 And they made their father drink wine that night also: and the younger arose, and lay with him; and he perceived not when she lay down, nor when she arose.

36 Thus were both the daughters of Lot with child by their father.

37 And the firstborn bare a son, and called his name Moab: the same *is* the father of the Moabites unto this day.

38 And the younger, she also bare a son, and called his name Benammi: the same *is* the father of the children of Ammon unto this day.

Chapter 20

1 And Abraham journeyed from thence toward the south country, and dwelled between Kadesh and Shur, and sojourned in Gerar.

2 And Abraham said of Sarah his wife, She *is* my sister: and Abimelech king of Gerar sent, and took Sarah.

Genesis - Genesis

3 Ach táinic Dia go Habimelech a naisling sa noidhché, agus a dubhaint ris, Feuch, ní *bhfuil* ionnad *ach* duine marbh tres an mnáoi do ghlac tú; oir *is* bean fir í.

4 Ach ní tháinig Abimelech na gar: achd a dubhaint sé, A THIGHEARNA, an muirfish tu mar sin cineadh ionnruic?

5 Nach dubhaint seision riomsa, Sí mo dheirbhshiúr í? agus sisi mar an gcéudna, isi féin a dubhaint, Sé mo dhearbh Rathair é: a simplidheachd mo chroidhe, agus a neimhchionta mo lamh, do rinne misi so.

6 Agus a dubhaint Día a naisling ris, Is fior, is aithnidh damhsa gur ó chroidhe għlan do rinne tú so; oir do chonnuimh mé ó pheacadh do dheunamh am aghaidh thú: uime sin nar léig mé duit buáin ria.

7 Uime sin annois aisig don fhior a bhean; oir *is* faidh é, agus guidhfidh ar do shon, agus bħaidh tú beó: agus muna aisiogħha tú í, bħodh a fħios agad go bhfuighe tú bás go deimhin, thú féin agus an *mheid* għabhus leachd.

8 Uime sin do éirigh Abimelech go moch ar maidin, agus do għoir a sherbhísigh uile, agus do innis na neithesi uile ann a għlūasuib: agus do lónadar na dáoine deagla mhóir.

9 Ann sin do għoir Abimelech Abraham, agus a dubhaint ris, Créd do rinne tusa linne? agus crēud a nurchóid do rinne mé féin duit, ás a ttug tú peacadh mór oram féin agus ar mo rioghachd? do rinne tú gniomha orumsa nár chóir a dhéunamh.

10 Agus a dubhaint Abimelech ré Abraham, Créd do chonnairc tú as a ndearna tú an ní si?

11 Agus a dubhaint Abraham, Do chionn gur sháoil mé, Go deimhin nach *bhfuil* eagla Dé sa náitse; agus go muirfidhe misi ar son mo mhná.

12 Agus go deimhin thairis sin *a si* mo dhearbhshiúr í; *is* inghean dom athair í, ach ní hinghean dom mhathair í; agus tugadha mnáoi dhamh í.

13 Agus tárla, a nuáir thug Día ormsa imtheachd romham ó thigh mathar, do ráidh me ría, *Is* é so do chineáltussa do

3 But God came to Abimelech in a dream by night, and said to him, Behold, thou art but a dead man, for the woman which thou hast taken; for she is a man's wife.

4 But Abimelech had not come near her: and he said, Lord, wilt thou slay also a righteous nation?

5 Said he not unto me, She is my sister? and she, even she herself said, He is my brother: in the integrity of my heart and innocency of my hands have I done this.

6 And God said unto him in a dream, Yea, I know that thou didst this in the integrity of thy heart; for I also withheld thee from sinning against me: therefore suffered I thee not to touch her.

7 Now therefore restore the man *his* wife; for he is a prophet, and he shall pray for thee, and thou shalt live: and if thou restore *her* not, know thou that thou shalt surely die, thou, and all that *are* thine.

8 Therefore Abimelech rose early in the morning, and called all his servants, and told all these things in their ears: and the men were sore afraid.

9 Then Abimelech called Abraham, and said unto him, What hast thou done unto us? and what have I offended thee, that thou hast brought on me and on my kingdom a great sin? thou hast done deeds unto me that ought not to be done.

10 And Abimelech said unto Abraham, What sawest thou, that thou hast done this thing?

11 And Abraham said, Because I thought, Surely the fear of God is not in this place; and they will slay me for my wife's sake.

12 And yet indeed *she* is my sister; she is the daughter of my father, but not the daughter of my mother; and she became my wife.

13 And it came to pass, when God caused me to wander from my father's house, that I said unto her, This is thy kindness

Genesis - Genesis

dhéunas tú orumsa; ann gach uilé bhall iona ttiucfam, abair dom tháobhsa, A sé mo dhearbh Rathair é.

14 Agus do ghlac Abimelech cáoirigh, agus daimh, agus ógláoch, agus inniltigh, agus tug do Abraham íad, agus do aisig Sarah a bhean dó.

15 Agus a dubhaint Abimelech, Féuch, atá mo dhuthaigh as do choinne: comhnuigh sa náit is fearr chítear dhuit.

16 Agus ré Sárah a dubbaírt sé, Féuch, tug mé dot dhearbh Rathair míle píosa airgid: féuch atá sé dhuitsi na fholach súl, do nuile da bhfuil ad fhochair, agus a bhfochair a nuile eile: mar sin fuáir si achmhusán.

17 Ann sin do ghuidh Abraham Día: agus do leighis Día Abimelech, agus a bhean, agus inniltigh; agus rugadar clann.

18 Oír do dhruid an TIGHEARNA go daingean a nuile bhrú a ttigh Abimelech, ar son Shárah bean Abraham.

Caibidil 21

*Geineadh Isaac ó Sharah. 4 A
thimchillghearradh. 9 Teitheamh
Hagar agús Ismael.*

1 Agus táinig an TIGHEARNA dféuchuin Shárah mar a dubhaint sé, agus do rinne an TIGHEARNA do Shárah mar da labhair sé.

2 Oír do thoirrcheadh Sárah, agus rug mac do Abraham na áois fhoirfe, ann sa nam chinnte dar labhair Día ris.

3 Agus tug Abraham Isaac dainim air an mac rugadh dhó, noch rug Sárah dhó.

4 Agus do thimchillghearr Abraham a mhac Isaac ar mbeith ochd lá dáois, fá mar daithin Día dhe.

5 Agus do bhí Abraham céud bliaghan dáois, a nuáir do rugadh a mhac Isaac dhó.

6 Agus a dubhaint Sárah, Thug Día orum gáire dhéunamh, *ionnus* gach a ccluinn, go ndéunuid gaíre liom.

7 Agus a dubhaint si, Cíá déuradh ré Habraham, go ttiubhradh Sárah cíoch do

which thou shalt shew unto me; at every place whither we shall come, say of me, He *is* my brother.

14 And Abimelech took sheep, and oxen, and menservants, and womenservants, and gave *them* unto Abraham, and restored him Sarah his wife.

15 And Abimelech said, Behold, my land is before thee: dwell where it pleaseth thee.

16 And unto Sarah he said, Behold, I have given thy brother a thousand *pieces* of silver: behold, he *is* to thee a covering of the eyes, unto all that *are* with thee, and with all *other*: thus she was reproved.

17 So Abraham prayed unto God: and God healed Abimelech, and his wife, and his maidservants; and they bare *children*.

18 For the LORD had fast closed up all the wombs of the house of Abimelech, because of Sarah Abraham's wife.

Chapter 21

1 And the LORD visited Sarah as he had said, and the LORD did unto Sarah as he had spoken.

2 For Sarah conceived, and bare Abraham a son in his old age, at the set time of which God had spoken to him.

3 And Abraham called the name of his son that was born unto him, whom Sarah bare to him, Isaac.

4 And Abraham circumcised his son Isaac being eight days old, as God had commanded him.

5 And Abraham was an hundred years old, when his son Isaac was born unto him.

6 And Sarah said, God hath made me to laugh, *so that* all that hear will laugh with me.

7 And she said, Who would have said unto Abraham, that Sarah should have

Genesis - Genesis

chloinn? óir rug mé mac *dhó* na áois fhoirfe.

8 Agus do fhás an leanamh, agus do hoileadh é: agus do rinne Abraham féusda mór an la *céudna* ar coisgeadh Isaac ó chích.

9 Agus do chonairc Sárah mac Hágár an Téigíteach, noch do rug sí Dabraham, ag magadh.

10 Uime sin a dubhaint sí ré Hábraham, Teilg amach an bhean dhaorsa agus a mac: óir ní bhiaigh mac na mná dáoire sí na oighre maille ré mo mhacsa, *eadhon* re Isaac.

11 Agus do bhí an ní rodhoiligh a súilibh Abraham ar son a mhic.

12 Agus a dubhaint Día ré Hábraham, Ná bíodh sé na dhoilgheas agad ar son a nogánuigh, agus ar son do mhná dáoire; sa nuile ní dá ndubhaint Sárah riot éisd ré na glór; óir is an Isaac goirfídhear do shliochd.

13 Agus mar an gceudna do mhac na mná dáoire do dhéuna misi cineadh, do bhrígh gurab é do shíolsa é.

14 Agus do éirigh Abraham súas go moch ar maidin, agus do ghlaic arán, agus buidél uisce, agus tug *sin* do Hágár, agus do chuir ar a gualuinn é, agus an leanamh, agus do chuir ar siubhal í: agus do imthigh sí, agus do bhi ar fud fhásuigh Bheerséba.

15 Agus do caitheadh an tuisge do bhí san mbuidél, agus do theilg si an leanamh fá áon do na toruibh.

16 Agus do imthigh, agus do shuigh sios as *a* choinne, tamal maith uadh, fa thuairim urchuir shoighde: óir a dubhaint sí, Ná faicim bás an leinimh. Agus do shuigh sí as *a* choinne anunn, agus ar ttógbhail a gotha go hárd, do ghuil sí.

17 Agus do chúaluidh Día guth an leinimh, agus do ghoir aingeal Dé ar Hágár ó neamh, agus a dubhaint ría, Créd ghoilleas ort a Hágár? ná bíodh eagla ort; óir do chúaluidh Día guth an leinimh mar a *bhfuil* sé.

18 Eirigh, tóg suas an leanamh, agus connaimh ann do láimh é; oir do dhéuna misi cineadh mór dhe.

given children suck? for I have born *him* a son in his old age.

8 And the child grew, and was weaned: and Abraham made a great feast the same day that Isaac was weaned.

9 And Sarah saw the son of Hagar the Egyptian, which she had born unto Abraham, mocking.

10 Wherefore she said unto Abraham, Cast out this bondwoman and her son: for the son of this bondwoman shall not be heir with my son, *even* with Isaac.

11 And the thing was very grievous in Abraham's sight because of his son.

12 And God said unto Abraham, Let it not be grievous in thy sight because of the lad, and because of thy bondwoman; in all that Sarah hath said unto thee, hearken unto her voice; for in Isaac shall thy seed be called.

13 And also of the son of the bondwoman will I make a nation, because he is thy seed.

14 And Abraham rose up early in the morning, and took bread, and a bottle of water, and gave *it* unto Hagar, putting *it* on her shoulder, and the child, and sent her away: and she departed, and wandered in the wilderness of Beersheba.

15 And the water was spent in the bottle, and she cast the child under one of the shrubs.

16 And she went, and sat her down over against *him* a good way off, as it were a bowshot: for she said, Let me not see the death of the child. And she sat over against *him*, and lift up her voice, and wept.

17 And God heard the voice of the lad; and the angel of God called to Hagar out of heaven, and said unto her, What aileth thee, Hagar? fear not; for God hath heard the voice of the lad where he is.

18 Arise, lift up the lad, and hold him in thine hand; for I will make him a great nation.

Genesis - Genesis

19 Agus do oscuil Día a súile, agus do chonnairc sí tobar uisce; agus do imthigh, agus do líon an buidél do nusise, agus tug deoch don leanamh.

20 Agus do bhí Día leis an leanamh; agus do fhás sé, agus do chomhnuigh san bhfásach, agus do bhí na boghadóir.

21 Agus do chomhnuigh a bhfásach Pharáin: agus tug a mhathair bean chuige ó chrích na Héigipte.

22 Agus tárla fa namsin, gur labhradar Abimelech agus Phichol príomhchaipítín a shlúagh ré Hábraham, ag radh, *Ata Día leachtsa sa nuile ní dá ndéun tú.*

23 Annois ar a nadhbharsin tabhair dhamsa Día do mhionnuibh nach déuna tú bréag riom, ná ré mo mhac, no ré mac mo mhic: *ach* do réir an chinéil do rinne misi ort, go ndéuna tusa dhamhsa, agus don duthaidh ann ar fhan tú.

24 Agus a dubhaint Abraham, Do bhéura mé mo mhionna.

25 Agus tug Abraham achmhusan Dabimilech fá thobar uisce, do bhean muinntir Abimilech amach ar éigin.

26 Agus a dubhaint Abimelech, Ní fheidir misi cíá rinne an ní si: níor innis tusa dhamh, agus ní mó do chúala mé é, achd a niugh.

27 Agus do ghlac Abraham cáoirigh, agus daimh, agus tug Dabimilech íad; agus do rinneadar aráon ceangal.

28 Agus do chuir Abraham seachd nuain bhoinonna don tréad ar leith leó féin.

29 Agus a dubhaint Abimelech ré Habraham, Créud as *cíall* do na seachd nuanauibh bainonnaso do chuir tú ar leith?

30 Agus a dubhaint seision, Oir *na* seachd nuain bhainonnso géobhuidh tusa as mo láimhse, ionnus go mbeid na bhfiadhnuisi agum, gur thochuil mé an tobasco.

31 Uime sin do ghoir sé do nait sin Beerseba; do chionn gurab ann tugadar aráon mionna.

32 Mar so do rinneadar cunnradh a Mbeerséba; ann sin do éirigh Abimelech suas, agus Phichol príomhchaipítín a

19 And God opened her eyes, and she saw a well of water; and she went, and filled the bottle with water, and gave the lad drink.

20 And God was with the lad; and he grew, and dwelt in the wilderness, and became an archer.

21 And he dwelt in the wilderness of Paran: and his mother took him a wife out of the land of Egypt.

4 Racha mé leachd síos do Négypt; agus do bhéura mé go deimhin mar an gcéadna a nsíos *a rís* thí: agus cuirfidh Ióseph a lámh ar do shúilibh.

5 Agus do éirigh Iacob súas ó Bhéerséba; agus do iomchradar mic Israel a nathair Iacob, agus a náos óg, agus a mná, ann sna carbuduibh chuir Phárao dhá iomchur.

6 Agus rugadur leó a narnéis, agus a maitheas, noch fuaradur a ttír Chánaain, agus tangadur do Négypt, Iacob, agus a shliochd uile leis:

7 A mhic, agus mic a mhac maille ris, agus a ingheana, agus ingheana a mhac, agus a sliochd uile tug sé leis do Négypt íad.

8 Agus a *síad so* anmanna chloinne Israel noch do tháinic do Négypt, Iacob agus a mhic: Reuben céidghin Iacob.

9 Agus mic Reuben; Hanoch, agus Phallu, agus Hesron, agus Carmi.

10 Agus mic Shimeon; Iemuel, agus Iamin, agus Ohad, agus Iachim, agus Sohar, agus Saul mac mná Canaanítigh.

11 Agus mic Lébhi; Gerson, agus Cohat, agus Merári.

12 Agus mic Iúdah; Er, agus Onan, agus Sélah, agus Pháres, agus Zárah: ach fuair Er, agus Onan bás a ttír Chánaain. Agus mic Pháres dob íad Hesron, agus Hámul.

Chapter 46

1 And Israel took his journey with all that he had, and came to Beersheba, and offered sacrifices unto the God of his father Isaac.

2 And God spake unto Israel in the visions of the night, and said, Jacob, Jacob. And he said, Here *am I.*

3 And he said, *I am* God, the God of thy father: fear not to go down into Egypt; for I will there make of thee a great nation:

4 I will go down with thee into Egypt; and I will also surely bring thee up *again*: and Joseph shall put his hand upon thine eyes.

5 And Jacob rose up from Beersheba: and the sons of Israel carried Jacob their father, and their little ones, and their wives, in the wagons which Pharaoh had sent to carry him.

6 And they took their cattle, and their goods, which they had gotten in the land of Canaan, and came into Egypt, Jacob, and all his seed with him:

7 His sons, and his sons' sons with him, his daughters, and his sons' daughters, and all his seed brought he with him into Egypt.

8 And these *are* the names of the children of Israel, which came into Egypt, Jacob and his sons: Reuben, Jacob's firstborn.

9 And the sons of Reuben; Hanoch, and Phallu, and Hezron, and Carmi.

10 And the sons of Simeon; Jemuel, and Jamin, and Ohad, and Jachin, and Zohar, and Shaul the son of a Canaanitish woman.

11 And the sons of Levi; Gershon, Kohath, and Merari.

12 And the sons of Judah; Er, and Onan, and Shelah, and Pharez, and Zerah: but Er and Onan died in the land of Canaan. And the sons of Pharez were Hezron and Hamul.

Genesis - Genesis

13 Agus mic Isachar; Tóla, agus Phúbah, agus Iób, agus Simron.

14 Agus mic Sebulun; Séred, agus Elon, agus Iahleel.

15 Agus *dob íad so* mic Leah, noch rug sí do Iácob a Bpadan-Aram, maille re na hinghin Dínah: anmann a mhac agus a inghean uile *bá tríur ar thriochad íad*.

16 Agus mic Ghad; Siphion, agus Haggái, Súni, agus Esbon, Eri, agus Aródi, agus Aréli.

17 Agus mic Aser; Iimnah, agus Isuah, agus Isui, agus Bériah, agus Sérah a ndeirbhshiur: agus mic Bhériah; Héber, agus Malchiel,

18 *A síad so* mic Silpah, noch tug Lában da inghin Léah, agus rug sí íad so do Iáacob, *eadhon sé hanmanna déug*.

19 Mic Rachel, bean Iáacob; Ioseph, agus Beniamin.

20 Agus do rugadh a gcrích na Hégipte do Ióseph, Manasseh, agus Ephraim, noch rug Asenat inghean Photipherah sagart On dó.

21 Agus mic Bheniamin, Bélah, agus Bécher, agus Asbel, Géra, agus Náaman, Ehi, agus Ros, Muppim, agus Huppim, agus Ard.

22 *A súid so* mic Ráchel, noch rugadh do Iáacob; na hanmanna uile *bá a ceathair déug íad*.

23 Agus mic Dan; Hussim.

24 Agus mic Naphtali; Iasehel, agus Guni, agus Iéser, agus Sillem.

25 *Asíadso* mic Bhilhah, noch tug Lában dá inghin Ráchel, agus rug sí íad so do Iacob: na hanmanna uile *bá móirsheisior íad*.

26 Na hanmanna uile noch tháinic lé Iacob do Négipt, noch tháinic amach as a fhordhronnuibh, táobh amuigh do mhnáibh mhac Iacob, *bá trí fichid íad agus a sé*.

27 Agus mic Ióseph, rugadh dhó sa Négipt, *bá dhá anum íad*: a nuíle anum do thigh Iáacob, noch tháinic do Négipt, *bá trí fichid, agus a deich íad*.

13 And the sons of Issachar; Tola, and Phuvah, and Job, and Shimron.

14 And the sons of Zebulun; Sered, and Elon, and Jahleel.

15 These *be* the sons of Leah, which she bare unto Jacob in Padanaram, with his daughter Dinah: all the souls of his sons and his daughters *were* thirty and three.

16 And the sons of Gad; Ziphion, and Haggi, Shuni, and Ezbon, Eri, and Arodi, and Areli.

17 And the sons of Asher; Jimnah, and Ishuah, and Isui, and Beriah, and Serah their sister: and the sons of Beriah; Heber, and Malchiel.

18 These *are* the sons of Zilpah, whom Laban gave to Leah his daughter, and these she bare unto Jacob, *even* sixteen souls.

19 The sons of Rachel Jacob's wife; Joseph, and Benjamin.

20 And unto Joseph in the land of Egypt were born Manasseh and Ephraim, which Asenath the daughter of Potipherah priest of On bare unto him.

21 And the sons of Benjamin *were* Belah, and Becher, and Ashbel, Gera, and Naaman, Ehi, and Rosh, Muppim, and Huppim, and Ard.

22 These *are* the sons of Rachel, which were born to Jacob: all the souls *were* fourteen.

23 And the sons of Dan; Hushim.

24 And the sons of Naphtali; Jahzeel, and Guni, and Jezer, and Shillem.

25 These *are* the sons of Bilhah, which Laban gave unto Rachel his daughter, and she bare these unto Jacob: all the souls *were* seven.

26 All the souls that came with Jacob into Egypt, which came out of his loins, besides Jacob's sons' wives, all the souls *were* threescore and six;

27 And the sons of Joseph, which were born him in Egypt, *were* two souls: all the souls of the house of Jacob, which came into Egypt, *were* threescore and ten.

Genesis - Genesis

28 Agus do chuir sé Iudah roimhe go Ioseph, do sheóludh a aighthe go díreach go Gosen; agus tangadur go thír Ghosen.

29 Agus do rinne Ióseph a charbad réigh, agus do chuaidh súas do theagmháil ar Israel a athair, go Gosen, agus do thais bén é féin do; agus do laigh ar a mhuinéul, agus do ghuil ar a mhuinéul tamall maith.

30 Agus a dubhaint Israel ré Ióseph, Annois faghaim bás ó chonnuirc mé do ghnúis, do chionn go *bhfuil* tú beó fós.

31 Agus a dubhaint Ióseph ré na dearbhráithribh agus ré tigh a athar, Racha mísi súas, agus foillseochad do Pharao, agus a déara mé ris, Tangadur mo dhearbháithre agus tigh mathar noch do *bhí* a ttir Chanaain, chugamsa:

32 Agus is aodhaireadh cáorach íad, óir isé bá ceird doíbh airneis do bheathughadh; agus tugadur a ttréada agus a sealbha leo, agus a nuile ní dá bhfuil aca.

33 Agus teigeómuigh a nuáir ghoirfeas Phárao sibhsí, agus a déara sé, cred as ceird dhaóibh?

34 A bruidhsí do bí ceird do sherbhíseach bheith timchioll áirnési ó ar nóige go ttí a nois, sinn féin aráon *agus* ar naithre, ionnus go náitreochthaoi a bhféarann Gosen: óir is gráineamhlachd a nuile thréaduighe cáorach ag na Héiptibh.

Caibidil 47

Tug Ioseph a bhraithre. 7 Agus a athair a lathair Pharao. 11 Tug ionad dhóibh.

13 Fuair an Egipt do nri. 22 Taobh amuigh do fhearrann na nsagart.

1 Ann sin táinic Ioseph, agus do innis do Phárao, agus a dubhaint, Tángadur máthair agús mo dhearbháithre, agus a tréada, agus a nealbhadha, agus a bhfuil aca as tir Chánaain; agus, féuch, *atáid* siád a bhfearrann Gosen.

2 Agus rug leis cuid dá dhearbháithribh, *eadhon* cúigior dhíobh, agus do thaisbein do Phárao íad.

3 Agus a dubhaint Phárao ré na dhearbháithribh, Créad as ceird dhaóibh? Agus a dubhradursan ré

28 And he sent Judah before him unto Joseph, to direct his face unto Goshen; and they came into the land of Goshen.

29 And Joseph made ready his chariot, and went up to meet Israel his father, to Goshen, and presented himself unto him; and he fell on his neck, and wept on his neck a good while.

30 And Israel said unto Joseph, Now let me die, since I have seen thy face, because thou *art* yet alive.

31 And Joseph said unto his brethren, and unto his father's house, I will go up, and shew Pharaoh, and say unto him, My brethren, and my father's house, which *were* in the land of Canaan, are come unto me;

32 And the men *are* shepherds, for their trade hath been to feed cattle; and they have brought their flocks, and their herds, and all that they have.

33 And it shall come to pass, when Pharaoh shall call you, and shall say, What *is* your occupation?

34 That ye shall say, Thy servants' trade hath been about cattle from our youth even until now, both we, *and* also our fathers: that ye may dwell in the land of Goshen; for every shepherd *is* an abomination unto the Egyptians.

Chapter 47

1 Then Joseph came and told Pharaoh, and said, My father and my brethren, and their flocks, and their herds, and all that they have, are come out of the land of Canaan; and, behold, they *are* in the land of Goshen.

2 And he took some of his brethren, *even* five men, and presented them unto Pharaoh.

3 And Pharaoh said unto his brethren, What *is* your occupation? And they said

Genesis - Genesis

Phárao, Aodhairighe cáorach do sherbhísigh, sinn féin aráon, *Agus* ar naithre mar an gcéadna.

4 A dubhradursan fós re Phárao, Is do chomhnuidhe san bhfearann do thangamar; óir ní bhfuil féur ag ad sherbhiseachuibh dhá náirnéis, óir *atá* an ghorta go trom a ttír Chanaaín; a nois dá bhrigh sin, iarrmaoid dathchuinge ort, tabhair áitreabh dot sherbhiseachuibh a bhfearann Gosen.

5 Agus do labhair Phárao ré Ióseph, ag radh, Tangadur hathair agus do dhearbhraithre chugad.

6 *Atá* críoch na Hégipte as do choinne; ann sa chuid is féarr don tír cuir hathair agus do dhearbhraithre na gcomhnuighe; áitreabhaidis a bhfearann Gosen: agus más aithne dhuit *aondúine* cumusach na measg, ann sin deana uachdarán díobh os cionn máirnéisi.

7 Agus tug Ioseph Iacob a athair a steach, agus do shuighidh é as choinne Phárao; agus do bheannuigh Iacob Phárao.

8 Agus a dubhaint Phárao ré Iáacob, Cá haóis tú?

9 Agus a dubhaint Iacob ré Phárao, Bliadhna laéthe moilithre *is* céad agus tríochad bliadhan íad: fá tearc agus fá holc láethe bliadhna mo bheatha, agus ni rainic mé laethe bliadhna bheatha maithreach, a laethibh a noilithresion.

10 Agus do bheannuigh Iacob Pharaao, agus do chuaidh amach as fiaghnuise Phárao.

11 Agus do áitigh Ioseph a athair agus a dhearbhraithré, agus tug sealbh dhóibh a ccrích na Hégipte, san chuid do bhféarr don dúthaigh, a bfearann Rameses, mar do aithin Phárao dhe.

12 Agus do oil Ioseph a athair agus a dhearbhraithré, agus muinntir thighe a athar, uile lé harán, do réir *a* muinntir.

13 Agus ní *raibh* arán ar bith san tír uile; óir do *bhí* an ghorta ro throm, ionnus gur hanbhfainneach críoch na Hégipte, agus tír Chánaain *uile* do bhrígh na gorta.

14 Agus do chruinnigh Ioseph súas a nuile airgead fríth a ccrích na Hégipte

unto Pharaoh, Thy servants *are* shepherds, both we, *and* also our fathers.

4 They said moreover unto Pharaoh, For to sojourn in the land are we come; for thy servants have no pasture for their flocks; for the famine *is* sore in the land of Canaan: now therefore, we pray thee, let thy servants dwell in the land of Goshen.

5 And Pharaoh spake unto Joseph, saying, Thy father and thy brethren are come unto thee:

6 The land of Egypt *is* before thee; in the best of the land make thy father and brethren to dwell; in the land of Goshen let them dwell: and if thou knowest *any* men of activity among them, then make them rulers over my cattle.

7 And Joseph brought in Jacob his father, and set him before Pharaoh: and Jacob blessed Pharaoh.

8 And Pharaoh said unto Jacob, How old art thou?

9 And Jacob said unto Pharaoh, The days of the years of my pilgrimage *are* an hundred and thirty years: few and evil have the days of the years of my life been, and have not attained unto the days of the years of the life of my fathers in the days of their pilgrimage.

10 And Jacob blessed Pharaoh, and went out from before Pharaoh.

11 And Joseph placed his father and his brethren, and gave them a possession in the land of Egypt, in the best of the land, in the land of Rameses, as Pharaoh had commanded.

12 And Joseph nourished his father, and his brethren, and all his father's household, with bread, according to *their* families.

13 And *there was* no bread in all the land; for the famine *was* very sore, so that the land of Egypt and *all* the land of Canaan fainted by reason of the famine.

14 And Joseph gathered up all the money that was found in the land of Egypt, and

Genesis - Genesis

agus a ttír Chánaain ar son a narbha do cheannchadur, agus tug Ioseph an tairgead a steach go tigh Phárao.

15 Agus an tan do thraoth an tairgead a ccrích na Héipte, agus a ttír Chánaain, tangadur na Héiptigh uile chum Ióseph, agus a dubhradur, Tabhair dhuinn arán; óir cread fa bhfuighemis bás ad fhiaghnuise? óir do imthigh an tairgead úainn.

16 Agus a dubhaint Ioseph, Tugaidh bhur náirnéis uáibh agus do bhéura misi dhíbh ar son bhur náirnéisi, má dfaillidh an tairgead oruibh.

17 Agus tugadur a náirnéis go Ióseph: agus tug Ioseph árán dóibh *ar* a neachuibh, agus ar a ttréaduibh, agus ar áirnéis a néalbhann, agus ar a nassaluibh: agus do bheathaidh sé íad le harán ar son a náirnéisi uile ar feadh na blíadhna sin.

18 A nuair do críochnuígheadh an bhlíadhui sin, tangadur chuige an dara blíadhui, agus a dubhradur ris, Ní cheilfiom ar mo thighearna, gur caitheadh ar gcuid airgid, fuáir ar ttighearna mar an gceadna ar ttréada áirnéise; níor fágadh éinni aguinn a lathair ar ttighearna an achd ar gcuirp agus ar bhfearann.

19 Uime sin cread fá bhfuighemis bás a bhfiaghnuisi do shúl, sinn féin aráon agus ar bhfearann? ceannuigh sinn féin agus ar bhfearann ar arán, agus bíam féin agus ar bhfearann ar serbhíseachuibh ag Phárao: agus tabhair síol *dúinn*, ar chor go maiream, agus nach bhfuigheam bas, agus nach bía an fearann na fhásach.

20 Agus do cheannuigh Ioseph fearann na Héipte uile do Phárao; óir do reacadar no Héiptigh gach éanduine dhióbh a fhearann, do chionn go rug an ghorta buáidh orra: mar sin tháinic an fearann chum Phárao.

21 Agus ar son na ndáoine, do áthruigh sé íad do na caithreachuibh ó cheann bhruáich na Héipte, go nuige an ceann eile dhi.

22 Amháín fearann na sagart níor cheannuigh sé é, óir do *fúaradar* na

in the land of Canaan, for the corn which they bought: and Joseph brought the money into Pharaoh's house.

15 And when money failed in the land of Egypt, and in the land of Canaan, all the Egyptians came unto Joseph, and said, Give us bread: for why should we die in thy presence? for the money faileth.

16 And Joseph said, Give your cattle; and I will give you for your cattle, if money fail.

17 And they brought their cattle unto Joseph: and Joseph gave them bread *in exchange* for horses, and for the flocks, and for the cattle of the herds, and for the asses: and he fed them with bread for all their cattle for that year.

18 When that year was ended, they came unto him the second year, and said unto him, We will not hide *it* from my lord, how that our money is spent; my lord also hath our herds of cattle; there is not ought left in the sight of my lord, but our bodies, and our lands:

19 Wherefore shall we die before thine eyes, both we and our land? buy us and our land for bread, and we and our land will be servants unto Pharaoh: and give us seed, that we may live, and not die, that the land be not desolate.

20 And Joseph bought all the land of Egypt for Pharaoh; for the Egyptians sold every man his field, because the famine prevailed over them: so the land became Pharaoh's.

21 And as for the people, he removed them to cities from *one* end of the borders of Egypt even to the *other* end thereof.

22 Only the land of the priests bought he not; for the priests had a portion

Genesis - Genesis

sagaírt comhroinn ó Phárao, agus a dúadur a ccomhroinn noch tug Pháraó dhóibh; uime sin níor reacadur a bhfearann.

23 Ann sin a dubhaint Ióseph ris an bpobal, Féuchuigh, do cheannuigh mé a niugh sibh féin agus bhur bhfearann do Phárao; féuchuidh, *ag sin* síol aguibh, agus cuirfídhe an fearann.

24 Agús tiucfaidh a ccrích ann sa mbiseach, go ttiubhartháoi an cúigeadh *cuid* do Phárao, agus biaidh cheithre chuid aguibh féin, chum síl a nfearainn, agus chum bhur mbeatha, agus do mhuinntir bhur ttighe, agus mar bheatha dá bhur leanbuibh.

25 Agus a dubhradarasan, Do shábháil tú ar mbeatha: fághmaoid grása a radharc mo thighearna, agus biamáoid ar serbhíseachaibh ag Phárao.

26 Agus do rinne Ióseph sin na dhligheadh ar feadh chríche na Héipite gus a niugh, *go* bhfuighe Phárao an cúigeadh *cuid*; achd amháin fearann na sagart, *noch nach ráinic* chum Phárao.

27 Agus do bhí Israel na chomhnuighe a gcrích na Héipite, a bhfearann Gosen; agus do bhádúr shealbha dúthaigh aca ann sin, agus do fhásadur, agus do lionadur go hiomadamhui.

28 Agus do mhair Iácob a gcrích na Héipite seachd m bliadhna déug: mar sin gur bhí áois iomlán Iácob, céad agus dá fhichead agus seachd m bliadhna.

29 Agus do dhruid aimsir bháis Israel a ngar: agus do ghoir sé a mhac Ióseph, agus a dubhaint sé ris, Má fuair mé anois grása ad radharc, íarruim mar athchuinghe ort, cuir do lámh fáoiim ladhairg, agus déana do cinealta firinneach riom; íarruim dathchuinghe ort, ná hadhlaic mé sa Néipt;

30 Ach luidfidh me a bhfochair mo aithreach, agus béura tusa leachd mé as a Néipt, agus adhluic mé a náit a nadhlaichthesion. Agus a dubhaint seision, Do dhéana mé mar a dubhaint tú.

31 Agus a dubhaint seision, Tabhair do mhionna dhamh. Agus tug sé a mhionna dhó. Agus do chláon Israel é féin ar cheannadhait na leaptha.

assigned them of Pharaoh, and did eat their portion which Pharaoh gave them: wherefore they sold not their lands.

23 Then Joseph said unto the people, Behold, I have bought you this day and your land for Pharaoh: lo, *here is* seed for you, and ye shall sow the land.

24 And it shall come to pass in the increase, that ye shall give the fifth *part* unto Pharaoh, and four parts shall be your own, for seed of the field, and for your food, and for them of your households, and for food for your little ones.

25 And they said, Thou hast saved our lives: let us find grace in the sight of my lord, and we will be Pharaoh's servants.

26 And Joseph made it a law over the land of Egypt unto this day, *that* Pharaoh should have the fifth *part*; except the land of the priests only, *which* became not Pharaoh's.

27 And Israel dwelt in the land of Egypt, in the country of Goshen; and they had possessions therein, and grew, and multiplied exceedingly.

28 And Jacob lived in the land of Egypt seventeen years: so the whole age of Jacob was an hundred forty and seven years.

29 And the time drew nigh that Israel must die: and he called his son Joseph, and said unto him, If now I have found grace in thy sight, put, I pray thee, thy hand under my thigh, and deal kindly and truly with me; bury me not, I pray thee, in Egypt:

30 But I will lie with my fathers, and thou shalt carry me out of Egypt, and bury me in their buryingplace. And he said, I will do as thou hast said.

31 And he said, Swear unto me. And he sware unto him. And Israel bowed himself upon the bed's head.

Caibidil 48

*Ghabh tinneas Iácob. 5 Rinn
uchdohlainne do dhías mhac Ióseph. 9
Agus bheannuigh iad.*

1 Agus tárla a ndaigh na neitheannso, gur innis duine do Ióseph, Féuch, atá hathair tinn; agus rug sé leis a dhías mac, Mannasseh agus Ephraim,

2 Agus do innis neach do Iáacob, agus a dubhaint, Féuch, atá do mhac Ióseph ag teachd chugad: agus do nearthuigh Israel é féin, agus do shuigh ar a leabuidh.

3 ¶ Agus a dubhaint Iáacob ré Ióseph, Do fhoillsigh Día uile chumhachdach é féin damh a Lus a ttír Chánaain, agus do bheannuigh mé.

4 Agus a dubhaint sé rium, Féuch, do dhéana mé tóirtheach thú, agus méideóchuidh mé thú, agus do dhéana mé dhíotiomad dáoine, agud do bhéura mé an duthaidhsí dod shíol ad dhiáigh mar sheilbh shíorruidhe.

5 Agus a nois do dhías mac, Ephráim agus Manasseh do rugadh dhuit a gcrích na Hégipte suil tháinig misi chugad do Négypt, is liomsa iad; mar Reuben agus Simeon is fa liomsa íad.

6 Agus do chlann, noch béurthar dhuit, na ndíáigh, budh leachd féin iad sin, agus goirfighear íad do réir anma a ndearbhráithreach ann a noighreachd.

7 Agus ar mo shonsa, a nuáir tháinig mé ó Phádan, fúair Ráchel bás agum a ttír Chánaain ann sa tslighe, a núair nach raibh ach beagán sligheadh re teachd go Héphrat; agus do adhluic mé ann sin í, ar slighe Ephrath; agus sé sin féin Betelem.

8 ¶ Agus do chonnairec Israel mic Ióseph, agus a dubhaint, Cíá híad so?

9 Agus a dubhaint Ióseph ré ná athair, Mo mhicsé iadsó, noch tug Dia dhamh annsa náitsi: agus a dubhaint seision, Tabhair chugam iad, iarruim ort, agus beinneochuidh mé íad.

10 (Annois do bhádúr síule Israel trom ó aóis, ionnus nach ráibh radharc aige). Agus tug sé a ngar dhó íad agus do phóg sé íad; agus do theann ris íad.

Chapter 48

1 And it came to pass after these things, that *one* told Joseph, Behold, thy father is sick: and he took with him his two sons, Manasseh and Ephraim.

2 And *one* told Jacob, and said, Behold, thy son Joseph cometh unto thee: and Israel strengthened himself, and sat upon the bed.

3 And Jacob said unto Joseph, God Almighty appeared unto me at Luz in the land of Canaan, and blessed me,

4 And said unto me, Behold, I will make thee fruitful, and multiply thee, and I will make of thee a multitude of people; and will give this land to thy seed after thee for an everlasting possession.

5 And now thy two sons, Ephraim and Manasseh, which were born unto thee in the land of Egypt before I came unto thee into Egypt, *are* mine; as Reuben and Simeon, they shall be mine.

6 And thy issue, which thou begetttest after them, shall be thine, *and* shall be called after the name of their brethren in their inheritance.

7 And as for me, when I came from Padan, Rachel died by me in the land of Canaan in the way, when yet *there was* but a little way to come unto Ephrath: and I buried her there in the way of Ephrath; the same *is* Bethlehem.

8 And Israel beheld Joseph's sons, and said, Who *are* these?

9 And Joseph said unto his father, They *are* my sons, whom God hath given me in this *place*. And he said, Bring them, I pray thee, unto me, and I will bless them.

10 Now the eyes of Israel were dim for age, *so that* he could not see. And he brought them near unto him; and he kissed them, and embraced them.

Genesis - Genesis

11 Agus a dubhaint Israel ré Ióseph, Níor sháoil misi go bhfaicfinn do ghnúis agus fénch tug Día dhamh radharch fós air do shíol.

12 Agus tug Ióseph amach ó idir a dhá ghlún iad, agus do chláon é féin gon a ághuidh chum na talmhan.

13 Agus do ghilac Ióseph íad aráon, Ephráim an a láimh dheis leath ré láimh chlí Israel, agus Manasseh ann a láimh chlé leath ré láimh dheis Israel, agus tug sé a bhfogus dó íad.

14 Agus do shín Israel a lámh dheas amach, agus do chuir ar cheann Ephraim í, eadhon an mac budh óige, agus a lámh chlé ar cheann Mhanasseh, ag treórughadh a lámh go géurchúiseach; óir dob é Manasseh do rugadh ar ttús.

15 Agus do bheannuigh sé Ióseph, agus a dubhaint, Día, ós cuinne ar shiobhail mo aithreacha Abraham agus Isaac, an Día do bheauthuigh mé ar feádh mo shaoghul gus a niugh.

16 An taingiol do fhúasguil mé ó nuile olc, go mbeannuighe sé na leinimh; agus goirthear mainmsi orra, agus ainm maithreach Abraham agus Isaac; agus fásáidis na niomadamhlachd a meadhon na talmhan.

17 Agus a nuáir do chonnairc Ióseph gur chuir á athair a lámh dheas ar cheann Ephraim, do ghoill sé air: agus do chonnuimh súas lámh a athar da háthrughadh ó chionn Ephraim ar chionn Mhanasseh.

18 Agus a dubhaint Ióseph ré na athair, Ní mar sin, a athar, óir isé so an cheidghin, cuir do lámh dheas ar a cheann.

19 Agus do dhíult a athair, agus a dubhaírt, Atá a fhios agam a mhic, atá a fhios agam, agus biaidh sé fós mó, ach go deimhin budh mó a dhearbhírathair is óige ná é, agus fásfuidh a shíol na niomad cineadhach.

20 Agus do bheannuigh sé íad an lá sin ag radh, Ionnadsa bheinneochus Israel, ag rádh, Go ndeárna Día thusa mar Ephraim, agus mar Mhanasseh: agus do chuir sé Ephraim roimhe Mhanasseh.

11 And Israel said unto Joseph, I had not thought to see thy face: and, lo, God hath shewed me also thy seed.

12 And Joseph brought them out from between his knees, and he bowed himself with his face to the earth.

13 And Joseph took them both, Ephraim in his right hand toward Israel's left hand, and Manasseh in his left hand toward Israel's right hand, and brought them near unto him.

14 And Israel stretched out his right hand, and laid it upon Ephraim's head, who was the younger, and his left hand upon Manasseh's head, guiding his hands wittingly; for Manasseh was the firstborn.

15 And he blessed Joseph, and said, God, before whom my fathers Abraham and Isaac did walk, the God which fed me all my life long unto this day,

16 The Angel which redeemed me from all evil, bless the lads; and let my name be named on them, and the name of my fathers Abraham and Isaac; and let them grow into a multitude in the midst of the earth.

17 And when Joseph saw that his father laid his right hand upon the head of Ephraim, it displeased him: and he held up his father's hand, to remove it from Ephraim's head unto Manasseh's head.

18 And Joseph said unto his father, Not so, my father: for this is the firstborn; put thy right hand upon his head.

19 And his father refused, and said, I know it, my son, I know it: he also shall become a people, and he also shall be great: but truly his younger brother shall be greater than he, and his seed shall become a multitude of nations.

20 And he blessed them that day, saying, In thee shall Israel bless, saying, God make thee as Ephraim and as Manasseh: and he set Ephraim before Manasseh.

Genesis - Genesis

21 ¶ Agus a dubhaint Israel ré Ióseph, Féuch, atáimsi ag fagháil bháis; ach biaidh Día maille ríbhisi, agus do bhéura sé a rís sibh go dúthuigh bhur naithreach.

22 Tuilleadh eile, tug me dhuitsi cuid ronna ós cionn do dhearbháithreach, noch do bhean mé amach as láimh a Namoritigh leam chloidheamh, agus léam bhogha.

Caibidil 49

*Tiomna agus faigheadóireachd Iáacob,
19 Ordúghadh attimcheal a adhluice.*

1 Agus do ghoir Iacob ar a mhacaibh, agus a dubhaint, Cruinnighidh sibh féin a bhfocair a chéile, nó go ninneosa mé dháoibh cread theigeamhus daóibh sna láethibh deighionacha.

2 Cruinnighidh sibh féin a bhfocair a cheile, agus éisdigh, a mhaca Iáacob; agus tugaidh aire do Israel bhur nathair.

3 ¶ A Reuben, is tú mo chéidhghin, mo chumas, agus tosach mo neirt, ordhearcus Inbhe, agus oirdhearcus chumhachda.

4 Neamhsheasamhach mar uisce, ní sharuighe tu; do bhrigh go ndeacha tú súas a leabuidh hathar: ann sin do thruaillíge tú í, do chuáidh sé suas am chúd

5 ¶ Simeon agus Lébhi deatbhraithre íad, ionstruimentigh ful teachda ann a náitreabhuigh.

6 O manum, ná tárrsa na secréid: O monóir na bí a naontuigh ré na gcruinniughadh; óir do mharbhadur duine ann a bhfeirg, agus ann a nantoil féin do thochladur síos balla.

7 Go madh malluighe a bhfeirg, óir do bhí sí nimhneach; agus a ndíbhfeirg, óir dó bhí sí fiocmháir: roinnfidh me íad an Iáacob, agus scaoilfead ó chéile íad an Israel.

8 ¶ A Iúdah, as tusa an té noch mholfuid do dhearbhraithre; biaidh do lámh a muinéul do námhad; cláonfuidh clann hathar síos ad lathair.

21 And Israel said unto Joseph, Behold, I die: but God shall be with you, and bring you again unto the land of your fathers.

22 Moreover I have given to thee one portion above thy brethren, which I took out of the hand of the Amorite with my sword and with my bow.

Chapter 49

1 And Jacob called unto his sons, and said, Gather yourselves together, that I may tell you *that* which shall befall you in the last days.

2 Gather yourselves together, and hear, ye sons of Jacob; and hearken unto Israel your father.

3 Reuben, thou *art* my firstborn, my might, and the beginning of my strength, the excellency of dignity, and the excellency of power:

4 Unstable as water, thou shalt not excel; because thou wentest up to thy father's bed; then defiledst thou *it*: he went up to my couch.

5 Simeon and Levi *are* brethren; instruments of cruelty *are in* their habitations.

6 O my soul, come not thou into their secret; unto their assembly, mine honour, be not thou united: for in their anger they slew a man, and in their selfwill they digged down a wall.

7 Cursed *be* their anger, for *it was* fierce; and their wrath, for it was cruel: I will divide them in Jacob, and scatter them in Israel.

8 Judah, thou *art he* whom thy brethren shall praise: thy hand *shall be* in the neck of thine enemies; thy father's children shall bow down before thee.

Genesis - Genesis

9 Is coilén leomhain Iúdah: ón chreich do chúaíd tú súas, a mhic: do chrom sé síos, do luigh sé mar leomhan, agus mar sheanleómhan; agus cíá dhúiseochus súas é?

10 Ní dheileochuidh an tslat rogha ré Iudah, nó dlighabhairthoir ó bheith eidir a chosuibh, nó go ttuicfa Sílo; agus is chuigesion bhías cruinniughadh na ndaóine.

11 Ag ceangal a shearruigh do nfhineamhuin, agus bromúigh a assail don rogha fineamhna; do nigh sé a éudach a bhfion, agus a chuluidheacha a bhfuil grápuighe.

12 Béid a shuile dearg ó fhíon, agus a fhíacla geal ó bhainne.

13 ¶ Aítreochuidh Sebulun á gcúan na fairge; agus biáidh sé na chúan long, agus biáidh a imiol go nuige Sídon.

14 ¶ Isachar ís assal láidir é, ag crumadh síos idír dha úalach.

15 Agus do chonnaire sé gur mhaith an ní suaímhneas, agus an duthaigh gur taitneamhach é; agus do chláon a ghuala diomchur úaluigh, agus táinig na sherbhiseach do áirdchios.

16 ¶ Do dhéana Dan breitheanhnuis ar a dhaoinibh, mar aon do threabhuibh Israel.

17 Biaidh Dan na nathair ar a tslighe, na nathair nimhe ar an mbealach, noch ghearras sála na neach, ionnus go ttuitfidh an marcach a ndiaigh a chúil.

18 Do bhi mé ag fuireach réad shlánughadh, a THIGHEARNA.

19 ¶ Gad, cláoifidh slúagh é; ach béuruidh sesion buáidh fá dheireadh.

20 ¶ Amach as Aser biáidh a arán ramhar, agus do bhéara uadh sógh riógha.

21 ¶ Naphtali, is eilid ar na scáoleadh amach é do bheir bríathra maiithe úadh.

22 ¶ Ióseph, is cráobh thoruidh é, cráobh thoruidh dhá riribh láimh ré tobar; noch a leathnuighionn a gheuga amach tar anmballa.

23 Do ghoilleadur na saighdeóirigh áir go géur, agus do chaitheadur air, agus do fhuathuigheadar é.

9 Judah is a lion's whelp: from the prey, my son, thou art gone up: he stooped down, he couched as a lion, and as an old lion; who shall rouse him up?

10 The sceptre shall not depart from Judah, nor a lawgiver from between his feet, until Shiloh come; and unto him shall the gathering of the people be.

11 Binding his foal unto the vine, and his ass's colt unto the choice vine; he washed his garments in wine, and his clothes in the blood of grapes:

12 His eyes shall be red with wine, and his teeth white with milk.

13 Zebulun shall dwell at the haven of the sea; and he shall be for an haven of ships; and his border shall be unto Zidon.

14 Issachar is a strong ass couching down between two burdens:

15 And he saw that rest was good, and the land that it was pleasant; and bowed his shoulder to bear, and became a servant unto tribute.

16 Dan shall judge his people, as one of the tribes of Israel.

17 Dan shall be a serpent by the way, an adder in the path, that biteth the horse heels, so that his rider shall fall backward.

18 I have waited for thy salvation, O LORD.

19 Gad, a troop shall overcome him: but he shall overcome at the last.

20 Out of Asher his bread shall be fat, and he shall yield royal dainties.

21 Naphtali is a hind let loose: he giveth goodly words.

22 Joseph is a fruitful bough, even a fruitful bough by a well; whose branches run over the wall:

23 The archers have sorely grieved him, and shot at him, and hated him:

Genesis - Genesis

24 Ach do mhair a bhógha láidir, agus do rinneadh rightheach a lámh láidir le lámhuidh Dé chumhachduigh Iáacob; Is as sin an táodhaire, cloch Israel:

25 Lé Día hathar dá ríribh, noch chuidéochas leachd, agus leis a nuilechumhachdach, noch beinneóchus tú le beannughadh nimhé shuas, beannughadh a naigéin atá a níochdar shíos, beannughadh na gcíoch, agus na mbronn:

26 Rugadar beánnachda hathar buaidh ós cionn beannachd mo shinnisiora go nuige an téorann as faide amach do na cnócuibh siorruidhe: béis síad ar cheann Ioseph, agus ar chorónin chinn an tí do dealuigheadh re na dheárbhráithribh.

27 ¶ Biáidh Beniamin fuaduigheach mar mhadra alla: ar maidín sluicfidh sé a fhiadhach, agus ann sa noidhche rannfuidh sé an chreach.

28 Asíad so uile dhá threabh dhéag Israel; agus a sé so an ní do labhair a nathair ríu, agus do bheannuigh iad; gach áon fa leith do réir a bheannachda do bheannuigh iad.

29 ¶ Agus do chuir cúram orra, agus a dubhaint ríu, Atáimsi a nam mo chruiinnighthe chum mo dhaóine, adhlaicidh mé a bhfochair maithreach, ann sa nuamhuigh atá a magh Ephron an Hititeách,

30 Ann sa nuamhuigh atá a magh Mhachpelah, noch atá as coinne Mhamre a ttír Chánaain, noch do cheannuigh Abraham maille re magh Ephron an Hititeach mar sheilbh áite adhluithe.

31 Ann sin do adhluiceadar Abraham, agus Sárah a bhean; is ann sin do adhluiceadar Isaac, agus Rebekah a bhean, agus is ann do adhluic misi Léah.

32 Ceannuigheachd an mhachaire agus na húamha atá ann, is ó chloinn Héth do fríth í.

33 Agus a nuáir do chríochnuigh Iáacob aitheanta do thabhairt dá chloinn, do chruiinnigh súas a chosa san leabuigh,

24 But his bow abode in strength, and the arms of his hands were made strong by the hands of the mighty *God* of Jacob; (from thence *is* the shepherd, the stone of Israel:)

25 *Even* by the God of thy father, who shall help thee; and by the Almighty, who shall bless thee with blessings of heaven above, blessings of the deep that lieth under, blessings of the breasts, and of the womb:

26 The blessings of thy father have prevailed above the blessings of my progenitors unto the utmost bound of the everlasting hills: they shall be on the head of Joseph, and on the crown of the head of him that was separate from his brethren.

27 Benjamin shall ravin *as* a wolf: in the morning he shall devour the prey, and at night he shall divide the spoil.

28 All these *are* the twelve tribes of Israel: and this *is it* that their father spake unto them, and blessed them; every one according to his blessing he blessed them.

29 And he charged them, and said unto them, I am to be gathered unto my people: bury me with my fathers in the cave that *is* in the field of Ephron the Hittite,

30 In the cave that *is* in the field of Machpelah, which *is* before Mamre, in the land of Canaan, which Abraham bought with the field of Ephron the Hittite for a possession of a buryingplace.

31 There they buried Abraham and Sarah his wife; there they buried Isaac and Rebekah his wife; and there I buried Leah.

32 The purchase of the field and of the cave that *is* therein *was* from the children of Heth.

33 And when Jacob had made an end of commanding his sons, he gathered up his feet into the bed, and yielded up the ghost, and was gathered unto his people.

agus do fháeidh a spiorad súas, agus do chruinniughadh chum a dhaoine féin é.

Caibidil 50

Adhlacadh Iacob. 15 Tug Ioseph solás da bhráithribh uirislichthe. 25 A iartas ma chnámhaíbh. 26 Agus a bhás.

1 Agus do luigh Ióseph ar aghuidh a athar, agus do ghuil air, agus do phóg é.

2 Agus do aíththin Ioseph dá shearbhfoghantuibh na leatha, a athar do bhalmnughadh: agus do bhalmnuigheadur na leatha Israel.

3 Agus do coimhlíonadh ceathrachad lá dhó: (óir is mar sin coimhlíontar laéthe na druinge do nítear a bhalmnughadh) agus do rinneadur na Héiptigh doilghios ar a shoin, trí fichid agus deich lá.

4 ¶ Agus a nuáir do chúadar laéthe a ndóbrón thárrsa, do labhair Ióseph ré tigh Phárao, ag rádh, A nois ma fuáir mé grása ann bhur radharc, guidhim sibh, labhruidh a gelúasuibh Phárao ag rádh,

5 Do bhean máthair mionna dhíom ag rádh, Féuch, atáim ag fagháil bháis: ann muaigne do thochuil mé dhamh fein a ttír Chánaain, ann sin adhlócus tú mé. Annois íarruim dathchuinge ort, léig dhamh dul súas, agus máthair dadhlacadh, agus tiocfa mé a rís.

6 Agus a dubhaint Phárao, Imthigh súas, agus adhluic hathair, mar do thug mionna ort.

7 ¶ Agus do chuaidh Ióseph súas dadhlacadh a athar: agus do chuadar serbhísigh Phárao uile suas leis, seanóirigh a thighe, agus seanóirigh chríche na Hegipte uile,

8 Agus tigh Ióseph uile, agus a dhearbhraithre, agus tigh a athar: achd amháin a miondaóine, agus a ttréada, agus a nealbhadha do fhágbhadur a bhfeáann Gosen.

9 Agus do chuáidh suas leis, carbuid fós agus marcshluágh: agus bá romhór an chuideachda íad.

10 Agus tangadur gó hurlúr bhuálte Atad, noch ata táobh thall do Iórdan agus

Chapter 50

1 And Joseph fell upon his father's face, and wept upon him, and kissed him.

2 And Joseph commanded his servants the physicians to embalm his father: and the physicians embalmed Israel.

3 And forty days were fulfilled for him; for so are fulfilled the days of those which are embalmed: and the Egyptians mourned for him threescore and ten days.

4 And when the days of his mourning were past, Joseph spake unto the house of Pharaoh, saying, If now I have found grace in your eyes, speak, I pray you, in the ears of Pharaoh, saying,

5 My father made me swear, saying, Lo, I die: in my grave which I have digged for me in the land of Canaan, there shalt thou bury me. Now therefore let me go up, I pray thee, and bury my father, and I will come again.

6 And Pharaoh said, Go up, and bury thy father, according as he made thee swear.

7 And Joseph went up to bury his father: and with him went up all the servants of Pharaoh, the elders of his house, and all the elders of the land of Egypt,

8 And all the house of Joseph, and his brethren, and his father's house: only their little ones, and their flocks, and their herds, they left in the land of Goshen.

9 And there went up with him both chariots and horsemen: and it was a very great company.

10 And they came to the threshingfloor of Atad, which is beyond Jordan, and there

Genesis - Genesis

ann sin do rinneadur cumha maille ré caóineadh adhbhalmhor: agus do rínne dóbhrón ann sin ar a athar seachd lá.

11 Agus a nuáir do choncadur áitreabhuigh na háite, na Canaanítigh, an chumha a nurlár Atad, a dubhradur, Is doilghiosach an chumhaso ar na Hégyptibh; uime sin do ghoireadh Abel Misraim dainm dhe, noch atá táobh thall do Iordan.

12 Agus do rinneadur a chlann mhac ris mar do aithin sé dhíobh.

13 Oír do rugadur a chlann leó é go tIr Chánaain, agus do Mhachpeláh, noch do cheannaigh Abraham, maille ris an machaire mar sheilbh chum áite adhluicthe, ó Ephron an Hititeach as coinne Mhamre.

14 ¶ Agus do fhill Ioseph do Négypt, é féin agus a dhearbhraithre, agus a ndeachuidh leis súas uile dadhlacadh a athar.

15 ¶ Agus a nuáir do choncadur dearbhraíthre Ioseph go bhfuáir a nathair bas, a débhradur, Do bféidir go mbiadh fúath ag Ioseph dhúinne, agus go gcúiteomhadh rinn gó deimhin a ndearnamar dolc air.

16 Agus do chuireadur teachda a gcionn Ioseph, dha radh, Do aithin hathair roimh a bhás, dá rádh,

17 Marso a déarthaói ré Ioseph, Guidhim thú annois, maith cionta do dhearbhraíthreach agus a bpeacadh: óir do rinneadur olc ort: agus a nois íarmuid dathchuingé ort, maith cionta shérbiseach Dé hathar: Agus do ghuil Ioseph a nuáir do labhradur ris.

18 Agus do chuadur a dhearbhraithre mar an gceadna, agus do luigheadur síos a bhfiagnusi a aghaidhe, agus a dubhradur, Feuch, is sinne do sherbhísigh.

19 Agus a dubhaint Ioseph ríu, Ná bíodh eagla oruibh: óir an bhfuilimsí an áit Dé?

20 Achd ar bhur sonsa do smuaineabhair olc am aghaidhsí; ach do aígneithe Día chum maitheasa é, dá thabhairt a crích mar atá a niugh, do chongmháil móráin daóine beó.

they mourned with a great and very sore lamentation: and he made a mourning for his father seven days.

11 And when the inhabitants of the land, the Canaanites, saw the mourning in the floor of Atad, they said, This is a grievous mourning to the Egyptians: wherefore the name of it was called Abel-mizraim, which is beyond Jordan.

12 And his sons did unto him according as he commanded them:

13 For his sons carried him into the land of Canaan, and buried him in the cave of the field of Machpelah, which Abraham bought with the field for a possession of a buryingplace of Ephron the Hittite, before Mamre.

14 And Joseph returned into Egypt, he, and his brethren, and all that went up with him to bury his father, after he had buried his father.

15 And when Joseph's brethren saw that their father was dead, they said, Joseph will peradventure hate us, and will certainly requite us all the evil which we did unto him.

16 And they sent a messenger unto Joseph, saying, Thy father did command before he died, saying,

17 So shall ye say unto Joseph, Forgive, I pray thee now, the trespass of thy brethren, and their sin; for they did unto thee evil: and now, we pray thee, forgive the trespass of the servants of the God of thy father. And Joseph wept when they spake unto him.

18 And his brethren also went and fell down before his face; and they said, Behold, we be thy servants.

19 And Joseph said unto them, Fear not: for am I in the place of God?

20 But as for you, ye thought evil against me; but God meant it unto good, to bring to pass, as it is this day, to save much people alive.

Genesis - Genesis

21 Annois uime sin ná biodh eagla oruibh: oilfidh misi sibh, agus bhur náos óg; agus do chomhfhurtaigh íad, agus do labhair go cinealta ríu.

22 ¶ Agus do áitreibh Ióseph sa Négypt, é féin agus tigh a athar: agus do mhair Ióseph céad agus deich mbliadhna.

23 Agus do chonnairec Ióseph clann Ephraim don treas geínealach; clann Machir mar an ccéadna mac Mhanasseh. Do tógbhadh súas iad ar ghlúinibh Ióseph.

24 ¶ Agus do ráidh Ióseph ré na dhearbháithribh, Atáimsi ag eug: agus fóirfe Día oruibhsí go déimhin, agus béura sé as an ttírsi sibh, gus an ttír do mhionnuigh sé do Abraham, do Isaac, agus do Iacob.

25 Agus tug Ióseph mionna ar chloinn Israel, ag rádh, Féachfuidh Día oribh go deimhin, agus beurthaói mo chnámhasa súas as so.

26 ¶ Mar sin do éug Ióseph, ar mbeith dhó céad agus deich mbliadhna daóis: agus do bhalmuigheadúr é, agus do cuireadh a ccomhra sa Négypt é.

21 Now therefore fear ye not: I will nourish you, and your little ones. And he comforted them, and spake kindly unto them.

22 And Joseph dwelt in Egypt, he, and his father's house: and Joseph lived an hundred and ten years.

23 And Joseph saw Ephraim's children of the third *generation*: the children also of Machir the son of Manasseh were brought up upon Joseph's knees.

24 And Joseph said unto his brethren, I die: and God will surely visit you, and bring you out of this land unto the land which he sware to Abraham, to Isaac, and to Jacob.

25 And Joseph took an oath of the children of Israel, saying, God will surely visit you, and ye shall carry up my bones from hence.

26 So Joseph died, *being* an hundred and ten years old: and they embalmed him, and he was put in a coffin in Egypt.